

2017

Tionchar na Leasuithe ar Bhéaltrialail na Gaeilge ag Leibhéal na hArdteistiméireachta

Tuarascáil Taighde

Máirtín Ó Curraoin

09/05/2017



LIOSTA GIORRÚCHÁN

CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
AL	Ardleibhéal
GL	Gnáthleibhéal
DES	An Roinn Oideachais agus Scileanna
CSS	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
DEIS	Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh

LIOSTA TÁBLAÍ

Tábla 1: Leithdháileadh Marcanna i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta in 2011 (AL)	7
Tábla 2: Leithdháileadh Marcanna i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta in 2012 agus ina Dhiaidh sin (AL)	7
Tábla 3: Leithdháileadh Marcanna i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta in 2011 (GL)	8
Tábla 4: Leithdháileadh Marcanna i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta in 2012 agus ina Dhiaidh sin (GL)	8
Tábla 5: Leagan Amach Bunaidh na Béaltrialach (2011 agus na Blianta Roimhe Sin)	10
Tábla 6: Leagan Amach Leasaithe na Béaltrialach (2012 agus ina Dhiaidh Sin)	10
Tábla 7: Liosta Scoileanna ar ghlac CNCM leo	14
Tábla 8: Scór a Thabhairt do Thuiscint an Scoláire ar Ábhar na Léamhthuisceana	18
Tábla 9: Scór a Thabhairt do Thuiscint an Scoláire ar Ábhar na Cluastuisceana	19
Tábla 10: Comparáid idir Feidhmíocht Scoláirí Fireanna agus Baineanna in 2011 agus 2015	33
Tábla 11: Comparáid idir Feidhmíocht Scoláirí i Scoileanna ina nDéantar an Teagasc trí Mheán na Gaeilge in 2011 agus 2015 (Béaltrial)	34
Tábla 12: Comparáid idir Feidhmíocht Scoláirí i Scoileanna ina nDéantar an Teagasc trí Mheán an Bhéarla in 2011 agus 2015 (Béaltrial)	38
Tábla 13: Comparáid idir Feidhmíocht Scoláirí i Scoileanna ina nDéantar an Teagasc Mheán na Gaeilge in 2011 agus 2015 (Scrúdú Scríofa)	52
Tábla 14: Comparáid idir Feidhmíocht Scoláirí i Scoileanna ina nDéantar an Teagasc trí Mheán an Bhéarla in 2011 agus 2015 (Scrúdú Scríofa)	56

LIOSTA FÍORACHA

Fíor 1: Comparáid idir Raon na dTopaicí a Pléadh in 2011 agus 2015	21
Fíor 2: Comparáid idir Spontáineacht sa Chomhrá in 2011 agus 2015	22
Fíor 3: Comparáid idir Foghraíocht Léitheoireachta in 2011 agus 2015	23
Fíor 4: Comparáid idir Rithim Léitheoireachta in 2011 agus 2015	24
Fíor 5: Comparáid idir Tuiscint ar Cheisteanna a Bhain leis an nGarthimpeallacht in 2011 agus 2015	25
Fíor 6: Comparáid idir Tuiscint ar Cheisteanna a Bhain le Topaicí Lasmuigh den Gharthimpeallacht in 2011 agus 2015	26
Fíor 7: Comparáid idir an Raon Foclóra in 2011 agus 2015	27
Fíor 8: Comparáid idir an Raon Nathanna Cainte in 2011 agus 2015	28
Fíor 9: Comparáid idir Cruinneas Briathra sna Bunaimsirí in 2011 agus in 2015	29
Fíor 10: Comparáid idir Cruinneas Briathra sa Mhodh Coinníollach in 2011 agus 2015	30
Fíor 11: Comparáid idir Cruinneas Briathra sa Chaint Indíreach in 2011 agus 2015	30
Fíor 12: Comparáid idir Cruinneas Gramadaí maidir le hÚsáid Chruinn Ainmfhocal, Forainmneacha, Réamhfhocal, Forainmneacha Réamhfhocla, Aidiachtaí, etc.	31
Fíor 13: Comparáid idir Láimhseáil Ábhair na nAistí in 2011 agus 2015	40
Fíor 14: Comparáid idir Cruinnúsáid na mBriathra in 2011 agus 2015	41
Fíor 15: Comparáid idir Cruinnúsáid na Réamhfhocal in 2011 agus 2012	42
Fíor 16: Comparáid idir Cruinnúsáid an Tuisil Ghinidigh in 2011 agus 2015	43
Fíor 17: Comparáid idir Cruinneas Litrithe in 2011 agus 2015	43
Fíor 18: Comparáid idir Cruinneas Comhréire in 2011 agus 2015	44
Fíor 19: Comparáid idir Tuiscint ar Cheisteanna sa Chluastuiscint in 2011 agus 2015	45
Fíor 20: Comparáid idir Cáilíocht na Teanga sa Chluastuiscint in 2011 agus 2015	45
Fíor 21: Comparáid idir Cruinneas Litrithe sa Chluastuiscint in 2011 agus 2015	46
Fíor 22: Comparáid idir Tuiscint ar Cheisteanna ar an Léamhthuiscint in 2011 agus 2015	47
Fíor 23: Comparáid idir Cáilíocht na Teanga nuair a Thug Scoláirí Freagraí ina bhFocail Féin sa Léamhthuiscint in 2011 agus 2015	48
Fíor 24: Comparáid idir Cáilíocht na Teanga sna Freagraí ar Cheisteanna Litríochta in 2011 agus 2015	49

Clár na n-ábhar

CUID A hAON: INTREOIR	6
Intreoir Ghinearálta:	6
Cúlra an Staidéir Taighde	6
Freagairtí don Scéim Mharcála Leasaithe	9
Comhpháirt Leasaithe na Béaltrialach i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta	10
CUID A DÓ: AN STAIDÉAR TAIGHDE	11
Aidhmeanna an Taighde	11
An Fhoireann Taighde	12
Sampla an Taighde	14
Ábhar Bhéaltrialacha na Scoláirí	14
Ábhar Scrúdú Scríofa na Scoláirí	14
An Bhéaltriail	15
Ceisteanna Taighde a Bhain le Comhpháirt na Béaltrialach	15
Cur Chuige i leith an Taighde	16
Ionstraimí Taighde	16
An Scrúdú Scríofa	17
Ceisteanna Taighde a Bhain leis an gComhpháirt Scríofa	17
Cur Chuige i leith an Taighde	18
Ionstraimí Taighde	20
CUID A TRÍ: TORTHAÍ NA HANAILÍSE AR ÁBHAR Ó BHÉAL	21
Raon na dTopaicí don Chomhrá	21
Spontáineacht sa Chomhrá	22
Léitheoireacht	23
Tuiscint ar Cheisteanna a Bhain leis an nGarthimpeallacht	24
Tuiscint ar Cheisteanna a Bhain le Topaicí Lasmuigh den Gharthimpeallacht	25
Raon Foclóra	27
Raon Frásaí/ Nathanna Cainte	28
Cruinneas Gramadaí	28
Feidhmíocht Scoláirí Fireanna agus Baineanna	32
Feidhmíocht Scoláirí i Scoileanna ina ndéantar an Teagasc trí Mheán na Gaeilge	34
Feidhmíocht Scoláirí i Scoileanna ina ndéantar an Teagasc trí Mheán an Bhéarla	37
CUID A CEATHAIR: TORTHAÍ NA HANAILÍSE AR AN ÁBHAR SCRÍOFA	40
Cumas Ceapadóireachta	40

Cáilíocht na Ceapadóireachta Scríofa	41
Tuiscint ar na Ceisteanna sa Chluastuiscint	44
Cáilíocht na bhFreagraí sa Scrúdú Cluastuisceana.....	45
Cruinneas Litrithe na bhFreagraí sa Scrúdú Cluastuisceana	46
Tuiscint ar Ábhar na Léamhthuisceana.....	47
Cáilíocht na bhFreagraí ar na Ceisteanna Léamhthuisceana	48
Cáilíocht na bhFreagraí ar an gCeist Litríochta	49
Feidhmíocht Scoláirí i Scoileanna ina ndéantar an Teagasc trí Mheán na Gaeilge	50
Feidhmíocht Scoláirí i Scoileanna ina ndéantar an Teagasc trí Mheán an Bhéarla	55
Focal Scoir	59
An Bhéaltriall.....	59
An Scrúdú Scríofa	61
Na Teorainneacha atá leis An Staidéar Taighde Seo.....	62
Réimsí i gcomhair Tuilleadh Imscrúdaithe agus Taighde	62
Aguisíní.....	64
Aguisín 1: Teimpléad Scórála don Bhéaltriall 2011.....	64
Aguisín 2: Teimpléad Scórála don Bhéaltriall 2015.....	66
Aguisín 3: Tuairiscíní do Theimpléid Scórála na Béaltriallach.....	69
Aguisín 4: Na Béaltrialacha Gaeilge ó 2012 ar aghaidh (Tuairiscíní CSS)	70
Aguisín 5: Measúnú Teanga Labhartha: (MAITRÍS SOLOM).....	72
Aguisín 6: Tras-scríbhinní de Bhéaltrialacha Scoláirí agus Cuntais Mhínithe ag gabháil leo.	74
Aguisín 7: Cáilíocht na Teanga sa Cheapadóireacht:	125
Aguisín 8: Cáilíocht na Teanga sa Fhreagra ar an gCeist Litríochta.....	132
Aguisín 9: Teimpléad Scórála do na Scrúduithe Scríofa 2011 & 2015	136
Aguisín 10: Pictiúir v Comhrá Ginearálta 2015	138

Tionchar na Leasuithe ar Bhéaltrial na Gaeilge ag Leibhéal na hArdteistiméireachta

CUID A hAON: INTREOIR

Tugann an chuid seo réamheolas faoin staidéar taighde, i dtéarmaí a chúlra agus na riachtanais a chomhlíonann sé.

Intreoir Ghinearálta:

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) tar éis staidéar taighde a choimisiúnú maidir leis an mBéaltrial leasaithe i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta agus a tionchar ar fheidhmíocht na n-iarrthóirí. Cé gur cuireadh leasuithe i bhfeidhm ag gach leibhéal den scrúdú – Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal – bhí na taighdeoirí dírithe ar thionchar na leasuithe seo a iniúchadh ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal amháin. Tá dhá chuid sa staidéar taighde seo: an tionchar a bhí ag na leasuithe ar fheidhmíocht na n-iarrthóirí sa bhéaltrial, agus tionchar na leasuithe ar fheidhmíocht na n-iarrthóirí sa scrúdú scríofa. Tugann an tuarascáil seo breac-chuntas ar thorthaí an staidéir taighde.

Cúlra an Staidéir Taighde

Sa bhliain 2007 d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta ag an am, Mary Hanafin, TD, athruithe suntasacha ar leithdháileadh na marcanna i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta ag súil go gcuirfí béim níos mó ar labhairt na Gaeilge agus ar an teanga a úsáid mar áis chumarsáide. Ba é an t-ardú ar líon na marcanna a bhí le bronnadh ar an mBéaltrial ó 25% go dtí 40% an t-athrú ba shuntasáí. Dá bharr sin, laghdaíodh leithdháileadh na marcanna ar chomhpháirteanna eile den scrúdú Gaeilge – laghdaíodh an triail chluastuisceana ó 20% go dtí 10% ag an nGnáthleibhéal agus ó 20% go dtí 16.7% ag an Ardleibhéal. Laghdaíodh leithdháileadh na marcanna don scrúdú scríofa go dtí 50% ag an dá leibhéal. Mar thoradh ar an bhfógra faoin scéim mharcála leasaithe cuireadh leasuithe agus athruithe i bhfeidhm ar an siollabas ag gach leibhéal. Tháinig na hathruithe sin i bhfeidhm i scrúdú na bliana 2012.

Tugtar breac-chuntas sna táblaí seo a leanas ar an scéim mharcála bhunaidh do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta in 2011 (agus sna blianta roimhe sin) agus an scéim mharcála leasaithe do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta in 2012 (agus ina dhiaidh sin) ag an ardleibhéal agus ag an ngnáthleibhéal.

TÁBLA 1: LEITHDHÁILEADH MARCANNNA I SCRÚDÚ GAEILGE NA HARDTEISTIMÉIREACHTA IN 2011 (AL)

Comhpháirt	Marcanna
Béaltriall	150
Ceapadóireacht	100
Léamhthuisctint	70
Cluastuisctint	100
Litríocht: <i>Prós 1 (40 marc)</i> <i>Prós Bhreise (40 marc)</i> <i>Filíocht 1 (35 marc)</i> <i>Filíocht Bhreise (35 marc)</i>	150
Stair na Gaeilge	30
Iomlán	600

TÁBLA 2: LEITHDHÁILEADH MARCANNNA I SCRÚDÚ GAEILGE NA HARDTEISTIMÉIREACHTA IN 2012 AGUS INA DHIAIDH SIN (AL)

Comhpháirt	Marcanna
Béaltriall	240
Ceapadóireacht	100
Léamhthuisctint	100
Cluastuisctint	60
<i>Prós 1 (30 marc)</i> <i>Filíocht 1 (30 marc)</i> <i>Litríocht Bhreise</i> <i>Prós Breise nó Dánta Breise (40 marc)</i>	100
Iomlán	600

TÁBLA 3: LEITHDHÁILEADH MARCANNNA I SCRÚDÚ GAEILGE NA HARDTEISTIMÉIREACHTA IN 2011 (GL)

Comhpháirt	Marcanna
Béaltriall	150
Ceapadóireacht	120
Léamhthuisct	100
Cluastuisct	120
Litríocht	110
<i>Prós (55 marc)</i>	
<i>Filíocht (55 marc)</i>	
Iomlán	600

TÁBLA 4: LEITHDHÁILEADH MARCANNNA I SCRÚDÚ GAEILGE NA HARDTEISTIMÉIREACHTA IN 2012 AGUS INA DHIAIDH SIN (GL)

Comhpháirt	Marcanna
Béaltriall	240
Ceapadóireacht	100
Léamhthuisct	100
Cluastuisct	60
Litríocht	100
<i>Prós (50 marc)</i>	
<i>Filíocht (50 marc)</i>	
Iomlán	600

Freagairtí don Scéim Mharcála Leasaithe

D'éisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ar a dtugtar an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) anois, imlitir (Imlitir 0020/2010) chuig scoileanna i mí an Mhárta 2010 ina dtugtar breac-chuntas ar na siollabais nua-shonraithe do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta. Cuireadh soiléiriú breise ar fáil i mí na Nollag 2010 in Imlitir 0071/2010 de chuid na Roinne.

Ba mheascán den fháilte agus den doicheall a bhí le sonrú i bhfreagairt chohórt na múinteoirí do na leasuithe siollabais agus measúnachta seo. Ar thaobh amháin braitheadh go mbeadh tionchar dearfach ag na leasuithe seo ar chur chun cinn agus ar shealbhú na Gaeilge labhartha i measc scoláirí na sraithe sinsearaí. Léirigh daoine eile imní faoin laghdú ar na marcanna don litríocht agus don ábhar scríofa agus iad den tuairim gurb é a bheadh mar thoradh ar na hathruithe i ndeireadh na dála go laghdófaí eolas agus scileanna sna réimsí sin. Léiríodh imní freisin maidir le réimse agus caighdeán an ábhair staidéir ag an ardleibhéal. Bhí múinteoirí ann a mhaígh nach mbeadh sé dúshlánach go leor do chainteoirí dúchais ná do chainteoirí líofa Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge (laistigh den Ghaeltacht agus lasmuigh di) agus i scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla.¹

Léiríodh imní nár athraíodh an fad ama (15 nóiméad) a chuirtear ar fáil don bhéaltrial. Ceapadh nach mbeadh dóthain ama ag scoláirí a gcumas cumarsáide a léiriú mar gheall ar an gciorrú ama a measadh a bheadh ann don chomhrá ginearálta. Ar an láimh eile, bhí mórán daoine den tuairim gur feabhas ar an leagan amach roimhe sin a bhí sna leasuithe. Ceapadh go gcuirfí béim sa bhreis ar an teanga labhartha sa seomra ranga mar thoradh ar mharcanna breise a bheith ag dul don bhéaltrial. Go deimhin, cheap roinnt múinteoirí gur chóir 50% de na marcanna a bhronnadh ar an mbéaltrial seachas an 40% a leagadh síos sa chóras leasaithe².

“Tá béim anois ar Ghaeilge labhartha”, “íontach don teanga”, a deir múinteoirí. “Ba cheart 50% de na marcanna a bheith air seo”, “deis le haghaidh marcanna maithe”, “éasca do dhaltáí maithe”, “cabhraíonn sé le féinmhuinín sa teanga” a deir freagróirí eile.

I mí Iúil 2010, chun tionchar na siollabas leasaithe agus struchtúr nua na scrúduithe a mheas, d'iarr an tAire Oideachais nuacheaptha, Mary Coughlan, TD, ar CNCM monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na leasuithe ar Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta ag an ngnáthleibhéal agus ag an ardleibhéal. Is comhpháirt amháin é an staidéar taighde seo de bhonn fianaise a chuideoidh le CNCM a n-athbhreithniú a dhéanamh.

¹ Gaelscoileanna Teo, Rún ó CCB 29 Samhain 2010 “Cáineann an Chomhdháil seo na leasuithe a rinneadh ar Shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta Ardleibhéil gan sainriachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur san áireamh.”

² Suirbhé Taighde: Comhar na Múinteoirí Gaeilge, Samhain 2013

Comhpháirt Leasaithe na Béaltrialach i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta

Tháinig athrú ar struchtúr foriomlán an scrúdaithe in 2012 nuair a bronnadh marcanna breise ar chomhpháirt na béaltrialach (méadú ó 25% go 40%). Is é seo a leanas an leagan amach a bhí ar an mbéaltrial bhunaidh suas go dtí 2012:

TÁBLA 5: LEAGAN AMACH BUNAIDH NA BÉALTRIALACH (2011 AGUS NA BLIANTA ROIMHE SIN)

Comhpháirt	Marcanna
Léamh an Phróis	30 marc
Comhrá	120 marc
Iomlán	150 marc

In 2012 agus sna blianta ina dhiaidh sin, is mar seo a leanas a bhí an leagan amach ar an mbéaltrial:

TÁBLA 6: LEAGAN AMACH LEASAITHE NA BÉALTRIALACH (2012 AGUS INA DHIAIDH SIN)

Comhpháirt	Marcanna
Fáiltiú	5 mharc
Léamh Filíochta	35 marc
Cur Síos ar Shraith Pictiúr	80 marc
Comhrá	120 marc
Iomlán	240 marc

Faoi mar a léirítear sa tábla thuas, is comhphárteanna nua den bhéaltrial, ó 2012 i leith, iad an Fáiltiú agus an tSraith Pictiúr. Tá 85 marc san iomlán ag dul don dá chomhpháirt sin le chéile. Cuireadh léamh filíochta in ionad léamh próis agus bronnadh cúig mharc breise ar an gcomhpháirt sin. D'fhan na marcanna do chomhpháirt an Chomhrá mar an gcéanna, áfach.

CUID A DÓ: AN STAIDÉAR TAIGHDE

Tugann an chuid seo breac-chuntas ar aidhmeanna an taighde agus cuirtear an fhoireann taighde i láthair ann.

Aidhmeanna an Taighde

Tá sé mar aidhm uileghabhálach ag an taighde imscrúdú a dhéanamh ar thionchar na leasuithe a rinneadh ar chomhpháirt na béaltrialach de Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal. Tá sé mar aidhm shonrach ag an taighde tionchar na n-athruithe sin orthu seo a leanas a chíoradh:

- Cumas labhartha na Gaeilge i measc scoláirí na sraithe sinsearaí;
- Cumas na scoláirí i scríobh na Gaeilge ag an ardleibhéal go háirithe;
- Sainriachtanais foghlama an chainteora dúchais agus an chainteora líofa;
- Na gnéithe scríofa agus cluastuisceana den scrúdú.

Cuireann an taighde seo anailís staitistiúil chomparáideach agus chodarsnach ar fáil maidir leis na scóir a fuair scoláirí i Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta in 2011 (sular tugadh isteach na hathruithe) agus in 2015 (tar éis na hathruithe a thabhairt isteach) ag an ngnáthleibhéal agus ag an ardleibhéal. Ina theannta sin, cuirtear meastóireacht ar na gnéithe seo a leanas ar fáil sa tuarascáil:

- Cáilíocht na teanga a úsáideadh
- Na scileanna labhartha a léiríodh
- Inniúlacht chumarsáideach
- Aon treochtaí nó patrúin shonracha a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an staidéir

An Fhoireann Taighde

Tá nóta gearr beathaisnéise faoi gach taighdeoir le fáil thíos.

Nioclás Mac Fhlanncha

D'oibrigh Nioclás mar mhúinteoir Gaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta i Meánscoil Mhuire, Baile na Lorgan, Contae Mhuineacháin idir 1973 agus 2011. Thosaigh sé ag obair ar na béaltrialacha in 1975 agus tá sé ag obair orthu gach bliain ó shin. Thosaigh sé ag obair mar mhonatóir ar na béaltrialacha nuair a rinneadh taifeadadh den chéad uair ar gach scoláire chun tabhairt isteach chóras na monatóireachta a éascú. Is Scrúdaitheoir Comhairleach Sinsearach agus Monatóir é. Bhí sé mar bhall de Choiste Gaeilge CNCM don Ardteistiméireacht.

Aodh Ó Máirtín

D'oibrigh Aodh mar mhúinteoir Gaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta i bPobalscoil Chloich Cheannfhaola, an Fál Carrach, Contae Dhún na nGall idir 1970 agus 2010. Tá sé ina scrúdaitheoir do Bhéaltrialacha Gaeilge na hArdteistiméireachta ó 1972 i leith agus is monatóir é do na béaltrialacha sin. Bhí sé mar bhall de Choiste Gaeilge CNCM don Teastas Sóisearach.

Seán Ó Scanláin

Bhí Seán Ó Scanláin ina mhúinteoir Gaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta i gColáiste Naomh Pádraig, Leamhcán, Baile Átha Cliath idir 1977 agus 2009 agus bhí sé ina leas-phríomhoide sa scoil chéanna idir 2009 agus 2013. D'oibrigh sé mar scrúdaitheoir ag Béaltrialacha Gaeilge na hArdteistiméireachta idir 1987 agus 2003. Is Scrúdaitheoir Comhairleach agus Monatóir é do Bhéaltrialacha na hArdteistiméireachta.

Michael Hynes

Is léachtóir agus teagascóir i Scoil na hEolaíochta Polaitiúla agus na Socheolaíochta in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh é an Dr Michael Hynes. Bíonn sé ag léachtoireacht/teagasc mic léinn fochéime agus iarchéime ar an gcúrsa don chéim BA in Eolaíocht Pholaitiúil agus Socheolaíocht agus don chéim Mháistreachta i bPobail Inbhuanaithe agus Forbairt. Chomh maith le bheith ag teagasc roinnt modúil socheolaíochta bíonn SP220 – Modhanna Taighde d'Eolaíochtaí Sóisialta agus Polaitiúla – á theagasc aige do mhic léinn. Baineann sé seo le tuiscint ar mhodhanna fiosrúcháin idir chainníochtúil agus cháilíochtúil lena n-áirítear saineolas ar an bpacáiste staitistiúil SPSS. Tá Céim Mháistreachta ag Michael i dTeicneolaíocht Faisnéise agus céim BSc. (Céadonóracha) ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Rose Ní Dhubhda

Is as Gaeltacht Chorca Dhuibhne í Rose ó dhúchas. Chaith sí sé bliana ag obair in Ionad na Gaeilge Labhartha i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, áit a raibh baint aici le cúrsaí sa Ghaeilge, san Oideachas agus i dTeicneolaíocht Ilmheán. Rinneadh na cúrsaí sin ar fad a theagasc trí mheán na Gaeilge. Thosaigh sí ag obair le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in 2007. Tá suim faoi leith aici in aistriúchán ríomhchuidithe, teicneolaíochtaí teanga, teicneolaíochtaí oideachais, agus scéalaíocht agus beochan dhigiteach. Is ball í de Meta-Net, líonra barr feabhais a bhfuil sé mar chuspóir acu bonn teicneolaíoch a chothú do shocháil faisnéise ilteangach Eorpach. Ina theannta sin, is ball í de choiste stiúrtha ILTA (Irish Learning Technology Association).

Máirtín Ó Curraoin

D'oibrigh Máirtín Ó Curraoin mar mhúinteoir Gaeilge ag leibhéal na hArdteistiméireachta ar feadh 37 bliain, i dtús báire i nGairmscoil Ghort Inse Guaire, Contae na Gaillimhe agus ina dhiaidh sin i gColáiste Sheosaimh, Bráithre Naomh Pádraig, i gCathair na Gaillimhe. Chaith sé 22 bliain mar scrúdaitheoir ag Béaltrialacha Gaeilge na hArdteistiméireachta (1985-2007). Bhí sé ina scrúdaitheoir achomhairc idir 2004 agus 2007. Bhí sé ina scrúdaitheoir freisin ag scrúduithe scríofa Gaeilge na hArdteistiméireachta, idir Ghnáthleibhéal agus Ardleibhéal, ar feadh 15 bliana (go dtí 2007). Tá Máistreacht san Oideachas (M.Ed) agus MA i Léann an Aistriúcháin aige ó OÉ Gaillimh.

Máire Ní Chatháin

Is cainteoir dúchais Gaeilge as an Spidéal i gContae na Gaillimhe í Máire Ní Chatháin. Tá céim BA sa Ghaeilge agus sa Bhéarla aici ó OÉ Gaillimh. Tá sí ag obair leis an nGaeilge ar bhealach amháin nó ar bhealach eile le 29 bliain anuas. Chaith sí 18 mbliana ag teagasc Gaeilge acadúil in OÉ Gaillimh. Chomh maith leis sin, bhí sí ina múinteoir Gaeilge páirtaimseartha i gColáiste Hibernia. Is iar-iriseoir leis an nuachtán Foinse í agus iarchraoltóir ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

Róisín Adams

Tá céim BA céadonóracha sa Nua-Ghaeilge agus i Litríocht an Bhéarla ag Róisín ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chomh maith le PhD ón gcoláiste céanna. D'oibrigh sí mar theagascóir i Roinn na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide agus mhúin sí ranganna Gaeilge do Ghaelchultúr.

Ciara Dolphin

Tá céim MA sa Nua-Ghaeilge ag Ciara Dolphin agus d'oibrigh sí mar mhúinteoir bunscoile agus mar mhúinteoir iar-bhunscoile. D'oibrigh sí freisin mar theagascóir i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, agus mar mhúinteoir le Gaeleagras.

Sampla an Taighde

Bhí teacht ag na taighdeoirí ar shampla d'ábhar scrúdaithe ó scoláirí ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal do chomhpháirt na béaltrialach agus ag an Ardleibhéal don chomhpháirt scríofa. Ghin Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) an sampla go randamach ó chohóirt scoláirí sna blianta sular tugadh isteach an leagan amach leasaithe agus sna blianta tar éis na leasuithe a chur i bhfeidhm. Chuimsigh critéir an tsampla méid na scoile, teanga an teagaisc, suíomh agus inscne na scoláirí. I measc na meánscoileanna in Éirinn tá meánscoileanna deonacha (scoileanna gan táillí agus le táillí), gairmscoileanna agus coláistí pobail, scoileanna pobail agus scoileanna cuimsitheacha. Chomh maith leis sin, chuimsigh an sampla scoileanna tuaithe; scoileanna cathrach; scoileanna táille agus scoileanna DEIS.

Taispeánann an tábla seo a leanas an 20 scoil a roghnaigh na taighdeoirí go randamach as an liosta de 75 scoil a bhí i sampla bunaidh CSS de réir riachtanais CNCM:

TÁBLA 7: LIOSTA SCOILEANNA AR GHLAC CNCM LEO

Teanga an Teagaisc	Méid
Scoileanna Lán-Ghaeilge	6
Scoileanna ina nDéantar an Teagasc trí Mheán an Bhéarla: Scoileanna táille (1) Scoileanna gan táille (12) Scoileanna DEIS (1)	14
Iomlán	20

Déantar imscrúdú sa taighde ar cháilíocht na teanga ar baineadh feidhm aisti; na scoileanna cainte a léiríodh agus inniúlacht chumarsáideach ghinearálta na scoláirí (idir chaint agus scríobh). Rinne na taighdeoirí aon patrúin nó aon treochtaí suntasacha a tugadh faoi deara le linn an staidéir a shainaithint agus a thuairisciú.

Ábhar Bhéaltrialacha na Scoláirí

Fuair na taighdeoirí ábhar bhéaltrialacha na scoláirí i ngach ceann den fhiche scoil do 2011 agus do 2015. Bhí an t-ábhar seo ar chaiséid don bhliain 2011 agus i bhfoirm dhigiteach don bhliain 2015. Roghnaíodh caoga scoláire go randamach as gach scoil (áit a ndearna níos mó ná caoga scoláire an scrúdú) agus feidhm á baint as an ngineadóir uimhreacha randamacha Stattrek.

Ábhar Scrúdú Scríofa na Scoláirí

I ndiaidh na scoláirí sna scoileanna éagsúla a roghnú go randamach, cuireadh liosta dá scrúduimhreacha chuig CSS chomh maith le hiarratas ar ábhar an scrúdaithe scríofa a bhain le gach scoláire. Bhain CSS na marcanna bunaidh ar fad a bronnadh ar na scoláirí de na scrípteanna sular tugadh do na taighdeoirí iad. Cuireadh na scrípteanna ar fáil don fhoireann taighde ar bhonn céimnithe.

An Bhéaltrialail

Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar na ceisteanna taighde agus ar an gcur chuige taighde ar baineadh feidhm astu chun anailís a dhéanamh ar ábhar na mbéaltrialacha, chomh maith leis na hionstraimí taighde a úsáideadh sa chuid seo den staidéar. Chun críocha an staidéir seo agus i gcomhthéacs na gceisteanna taighde a leagtar amach thíos, tagraíonn ‘athrú’ d’aon athrú ar cháilíocht fheidhmíocht na scoláirí i bhfianaise na scór a bhronn na taighdeoirí faoi na ceannteidil éagsúla sna teimpléid mharcála.

Rinneadh cáilíocht fheidhmíocht na scoláirí i gcohórt 2011 a mheas faoi na ceannteidil éagsúla agus bronnadh scór orthu ina leith. Rinneadh an rud céanna i dtaca le cohórt 2015. D’fhéadfaí roinnt ceisteanna a fhreagairt le ‘sea’ nó ‘ní hea’. Ansin, rinneadh anailís chodarsnach idir an dá bhliain chun aon athrú ar fheidhmíocht a thomhas.

Ceisteanna Taighde a Bhain le Comhpháirt na Béaltrialach

Chuir an fhoireann taighde na ceisteanna taighde seo a leanas agus rinne siad iniúchadh orthu le linn an staidéir seo.

1. An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 ar an raon topaicí a phléigh an t-iarrthóir le linn an chomhrá?
2. An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 i dtéarmaí spontáineacht an chomhrá?
3. Ar tharla aon athrú idir foghraíocht agus rithim Léamh an Phróis in 2011 agus foghraíocht agus rithim Léamh na Filíochta in 2015?
4. An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 ar thuiscint an scoláire ar cheisteanna a bhain le garthimpeallacht an scoláire?
5. An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 ar thuiscint an scoláire ar cheisteanna a bhain le topaicí lasmuigh den gharthimpeallacht?
6. An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 ar raon foclóra an iarrthóra le linn an chomhrá ghinearálta?
7. An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 ar an raon frásaí/nathanna cainte a d’úsáid an scoláire le linn an chomhrá ghinearálta?
8. An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 ar chruinneas gramadaí an scoláire faoi na ceannteidil éagsúla?
9. An raibh aon difríocht idir feidhmíocht scoláirí fireanna agus scoláirí baineanna sna gnéithe éagsúla den bhéaltrialail in 2011 agus 2015?
10. An raibh aon difríocht idir feidhmíocht scoláirí i scoileanna Lán-Ghaeilge idir 2011 agus 2015?
11. An raibh aon difríocht idir feidhmíocht scoláirí i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla idir 2011 agus 2015?

Cur Chuige i leith an Taighde

Mar a luadh roimhe seo, mar thoradh ar an siollabas leasaithe a bheith i bhfeidhm in 2012, bhí difríocht shuntasach idir Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta in 2011 agus an Scrúdú a reáchtáladh in 2012 agus sna blianta ina dhiaidh sin maidir le leagan amach, ábhar agus leithdháileadh marcanna. Ag an am céanna, déanann scoláirí ag an ardleibhéal agus ag an ngnáthleibhéal béaltrial chomónta agus dá bhrí sin ní dhéantar aon idirdhealú eatarthu.

Go deimhin, ní bheadh a fhios ag an scrúdaitheoir cén leibhéal a bheadh á dhéanamh ag an scoláire sa scrúdú scríofa. Níor tháinig aon athrú ar an gcleachtas sin nuair a tugadh isteach an siollabas leasaithe in 2012. Mar sin féin, mhéadaigh an líon marcanna a bhí ag dul don bhéaltrial ó 150 go 240 (ó 25% go 40%). Níor tháinig aon athrú ar an méid ama a ceadaíodh don bhéaltrial (15 nóiméad).

D'fhéadfaí comparáid dhíreach a dhéanamh idir léamh an phróis in 2011 agus léamh na filíochta in 2015 mar gurbh iad an fhoghraíocht agus rithim na cainte a bhí á meas sa dá chás. Bhí na gnéithe a bhain leis an gcomhrá inchomparáide go díreach agus díritear aird ar na comparáidí sin sa tuarascáil seo.

Bhí sé riachtanach, áfach, na comhpháirteanna a bhain leis an bhfálitiú agus leis an tsraith pictiúr a chur as an áireamh ar mhaithe le hanailís chomparáideach a dhéanamh ar na torthaí. Mar sin féin, rinne na taighdeoirí athscróil ar na gnéithe a bhain leis an tsraith pictiúr sa scrúdú in 2015 chun tuilleadh anailíse a dhéanamh orthu, chun a fháil amach an raibh aon chomhchoibhneas idir feidhmíocht na scoláirí sa tsraith pictiúr agus a bhfeidhmíocht sa chomhrá ginearálta.

Ionstraimí Taighde

Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar na teimpléid mharcála agus ar na nósanna imeachta monatóireachta a úsáideadh le linn an staidéir taighde seo. Leagadh amach teimpléad do scóráil na béaltrialach in 2011 agus ceann eile do 2015 (féach Aguisíní 1 agus 2).

Baineadh feidhm as na tuairiscíní “An-mhaith”, “Maith”, “Measartha”, agus “Lag”, do na ceithre leibhéal inniúlachta sna teimpléid.

Tá cur síos níos mionsonraithe ar na leibhéil sin in Aguisín 3.

Nuair a bhí na teimpléid á ndearadh acu bhain na taighdeoirí leas as an teimpléad a d'úsáid CSS chun Gaeilge labhartha san Ardteistiméireacht a mheasúnú (féach Aguisín 4) agus an Mhaitrís um Breathnóireacht a dhéanamh ar Theanga Labhartha an Scoláire (SOLOM), a chuir Cuibhreannas Dáttheangach Cheantar San Jose le chéile agus a ndearnadh leasú air faoi threoir Oifig an Oideachais Dháttheangach de chuid na Roinne Oideachais in California (féach Aguisín 5).

Tá tras-scríbhinní de scrúduithe na scoláirí³ a fhreagraíonn do na ceithre thuairiscín chomh maith le nótaí tráchtar ar fheidhmíocht gach scoláire i dtaca leis na gnéithe éagsúla a measadh le fáil in Aguisín 6. Cuireadh na teimpléid a d'úsáid na taighdeoirí faoi bhráid CNCM a d'fhaomh é sula ndearnadh aon anailís eile. Rinne triúr taighdeoirí an anailís ar ábhar na béaltrialach.

Roghnaigh an monatóir ainmnithe roinnt scoláirí go randamach ó scoileanna agus ó chatagóirí éagsúla mar seo a leanas: an-mhaith, 80%-100%, maith, 60%-79%, measartha, 40%-59%, lag, 0%-39% ar mhaithe le caislead caighdeánaithe a chruthú.

³ Chun nach n-aithneofaí na scoláirí ná na scoileanna, foláíodh gach tagairt phearsanta agus gach tagairt do na scoileanna a raibh na scoláirí ag freastal orthu agus do na ceantair ina raibh siad ina gcónaí.

Ansin rinne foireann taighde na béaltrialach an t-ábhar sa taifead a mheas go neamhspleách ar a chéile. Tháinig an fhoireann ar chomhréiteach maidir leis an scóráil a mbeifí ag súil léi sna catagóirí ar fad agus ansin cruthaíodh caislead caighdeánaithe chun na caighdeáin scórála a ailíniú agus a choinneáil. Rinneadh iontaofacht idir na rátálaithe a choinneáil an t-am ar fad. Ciallaíonn sé seo ‘cé chomh mór agus a dhéanann daoine aonair na breithiúnais chéanna maidir le conas freagra faoi leith a chódú,’ (Somekh & Lewin, 2005⁴). Le hiontaofacht rátálaithe a chinntiú le linn phróiseas na scórála, roghnaigh an monatóir ainmnithe 14 scoláire go randamach as gach scoil agus chuir na taighdeoirí na leatháin scórála do na scoláirí sin chuige de réir mar a bhí an staidéar ag dul ar aghaidh.

Nuair a bhí an monatóir ainmnithe sásta go raibh an scéim scórála á leanúint i gceart agus go raibh comhsheasmhacht sa scóráil idir na taighdeoirí, rinneadh na torthaí de réir mar a bhí siad ar na leatháin scórála a iontráil chun anailís chomparáideach a dhéanamh orthu. Tugadh uimhir aitheantais faoi leith do gach scoil agus do gach iarrthóir laistigh den scoil sin. Rinneadh anailís staitistiúil ar na sonraí ansin.

An Scrúdú Scríofa

Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar an gcur chuige taighde ar baineadh feidhm as chun anailís a dhéanamh ar an ábhar a bhain leis an scrúdú scríofa, chomh maith leis na hionstraimí taighde a úsáideadh sa chuid seo den staidéar.

Ceisteanna Taighde a Bhain leis an gComhpháirt Scríofa

Chuir an fhoireann taighde na ceisteanna taighde seo a leanas agus rinne siad iniúchadh orthu le linn an staidéir seo.

1. Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar chumas scoláirí an topaic a bhí faoi chaibidil sa cheapadóireacht (aiste) a láimhseáil?
2. Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar cháilíocht na teanga i gcheapadóireacht scríofa na scoláirí, (lena n-áirítear úsáid na mbriathra, na réamhfhocail, an tuisil ghinidigh agus na comhréire)?
3. Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar thuiscint na scoláirí ar an ábhar sa triail Chluastuisceana i bhfianaise chruinneas na bhfreagraí a thug siad ar na ceisteanna?
4. Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar cháilíocht na teanga i bhfreagraí na scoláirí ar na ceisteanna ar ábhar na Cluastuisceana?
5. Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar an gcruinneas litrithe i bhfreagraí na scoláirí ar na ceisteanna ar ábhar na Cluastuisceana?
6. Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar thuiscint na scoláirí ar an ábhar sa sliocht Léamhthuisceana i bhfianaise chruinneas na bhfreagraí a thug siad ar na ceisteanna ar an sliocht Léamhthuisceana?
7. Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar cháilíocht na teanga i bhfreagraí na scoláirí ar na ceisteanna ar ábhar na Léamhthuisceana nuair a thug na scoláirí freagraí ar na ceisteanna ar an Léamhthuiscint ina bhfocail féin?
8. Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar cháilíocht na teanga i bhfreagraí na scoláirí ina bhfocail féin i mír na litríochta?

⁴ Somekh, B. & Lewin, C., 2005. Research Methods in the Social Sciences. Londain: Sage.

Cur Chuige i leith an Taighde

Rinneadh anailís ar ábhar an scrúdaithe scríofa ardleibhéil a bhain le 2011 agus 2015. Rinneadh athruithe suntasacha ar chomhpháirt scríofa an scrúdaithe i dtéarmaí an inneachair agus na marcanna a leithdháileadh ar chodanna éagsúla an scrúdaithe. Laghdaíodh an mhír litríochta in 2012 i dtéarmaí inneachair agus marcanna, agus níl Stair na Teanga ar an scúdpháipéar mar cheist ann féin níos mó. Mar sin féin, bhíothas in ann comparáid dhíreach a dhéanamh idir trí chomhpháirt ó scrúdú 2011 agus trí chomhpháirt ó scrúdú 2015, is iad sin, an cheapadóireacht, an léamhthuiscint agus an chluastuiscint. Bhíothas in ann comparáid a dhéanamh freisin idir caighdeán teanga na gcomhpháirteanna litríochta sa dá bhliain.

B'éigean aghaidh a thabhairt freisin ar dhifreáil chaighdeán na teanga an dá bhliain. In 2011, iarradh ar na scoláirí gach ceist a fhreagairt ina bhfocail féin agus rinneadh measúnú ar chaighdeán na teanga sna freagraí sin. In 2015, níor iarradh ar na scoláirí na ceisteanna a fhreagairt ina bhfocail féin. D'fhéadfaidís na freagraí a chóipeáil díreach ón sliocht. Níorbh fhéidir, dá bhrí sin, caighdeán teanga an scoláire a mheasúnú bunaithe ar na freagraí ar na ceisteanna faoin sliocht.

Mar sin féin, bhí ceist 6 níos ginearálta agus b'éigean an freagra sin a thabhairt i bhfocail an scoláire féin. B'éigean don fhreagra a bheith níos faide freisin. Chinn na taighdeoirí go n-úsáidfidís an freagra ar an gceist sin chun caighdeán teanga an scoláire a mheasúnú i scrúdú 2015. Úsáideadh an tábla seo a leanas chun na torthaí ar Fhochuid A (Tuiscint an scoláire ar ábhar an téacs faoi mar a léiríodh sna freagraí ar na ceisteanna) a scóráil.

TÁBLA 8: SCÓR A THABHAIRT DO THUISCINT AN SCOLÁIRE AR ÁBHAR NA LÉAMHTHUISCEANA

Líon na bhfreagraí cearta	0-4	5-6	7-8	9-10
Catagóir	Lag	Measartha	Maith	An-mhaith
Scór	1	2	3	4

Roinneadh an teimpléad don cheapadóireacht ina dhá chuid: Láimhseáil na Topaice agus Caighdeán na Teanga (Aguisín 3). Baineann an chéad chuid leis an láimhseáil a rinne an scoláire ar thopaic na haiste – an raibh an cheapadóireacht ábhartha, an raibh ciall leis an díospóireacht, etc. (féach Aguisín 7). Bhí cúig fhochuid faoi Chaighdeán na Teanga:

- Cruinneas na mbriathra sa mhodh táscach*, a thagraíonn do chumas an scoláire idirdhealú a dhéanamh idir na haimsirí éagsúla agus na foircinn chearta a úsáid do gach aimsir.
- Úsáid chruinn na réamhfhocail*, a thagraíonn do chumas an scoláire na réamhfhocail chuí a úsáid leis na hainmfhocail.
- Úsáid chruinn an tuisil ghinidigh*, a thagraíonn do chumas an scoláire an tuiséal ginideach a úsáid nuair is cuí agus na foircinn chearta a úsáid le haghaidh gach díochlaonta.
- Cruinneas litrithe*, a thagraíonn do chruinneas litrithe an scoláire.
- Comhréir*, a thagraíonn do chumas an scoláire an chomhréir cheart a úsáid.

Bhí éagsúlacht i bhfad na ceapadóireachta ag brath ar an scoláire. Chun comhsheasmhacht a chinntiú sa phróiseas marcála idir ceapadóireacht ar fhad éagsúil, cinneadh gan ach an chéad dá leathanach de gach aon cheann a mharcáil. Sa chás go raibh fad iomlán na ceapadóireachta dhá leathanach go leith nó níos lú, áfach, scóráladh an cheapadóireacht ar fad.

I gcás na léamhthuisceana, glacadh leis an gcur chuige seo a leanas:

- Tuiscint an scoláire ar ábhar an téacs faoi mar a léiríodh sna freagraí ar na ceisteanna. Tagraíonn sé seo do chumas an scoláire na freagraí cearta a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh.
- Caighdeán na teanga faoi mar a léiríodh sna freagraí. Tagraíonn sé seo d'úsáid cheart briathra, réamhfocal, ainmfhocal agus comhréire i bhfreagraí an scoláire.
- Cruinneas litrithe, a thagraíonn do chumas an scoláire focail a litriú i gceart.

Roghnaíodh sliocht amháin (Sliocht A) ó gach bliain agus rinneadh anailís chomparáideach eatarthu. Ach bhí difríocht i líon na gceisteanna a cuireadh. Iarradh deich gceist faoi Shliocht A (2011) agus 17 gceist faoi Shliocht A (2015). Chun an chomhsheasmhacht sa mharcáil a choinneáil idir an dá bhliain, cinneadh ar na ceisteanna seo a leanas a fhágáil ar lár ó Shliocht A (2015): 1(b)(ii); 2(b)(ii); 3(b)(ii); 4(b)(ii); 5(b)(ii); 6(a); agus 6(b). Dá bhrí sin marcáladh deich gceist san iomlán ó gach sliocht don dá bhliain.

Roinneadh an chluastuiscint ina trí fhochuid:

- Tuiscint an scoláire ar ábhar na cluastuisceana faoi mar a léiríodh sna freagraí ar na ceisteanna.* Tagraíonn sé seo do chumas an scoláire na freagraí cearta a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh.
- Caighdeán na teanga faoi mar a léiríodh sna freagraí.* Tagraíonn sé seo d'úsáid cheart briathra, réamhfocal, ainmfhocal agus comhréire i bhfreagraí an scoláire.
- Cruinneas litrithe*, a thagraíonn do chumas an scoláire focail a litriú i gceart agus béim faoi leith ar logainmneacha.

Ag teacht leis an laghdú ar na marcanna le haghaidh na cluastuisceana sa siollabas athbhreithnithe (ó 100 go 60), laghdaíodh líon na gceisteanna ó 45 in 2011 go 30 in 2012. Chun comhsheasmhacht a bhaint amach sa phróiseas marcála in 2011 agus 2015, cinneadh ar 30 ceist a mharcáil i gcluastuiscint 2011. Níor marcáladh na ceisteanna ar Chuid A (Fógra a Trí), Cuid B (Comhrá a Trí) ná Cuid C (Píosa a Dó) i scrúdú 2011. Dá bhrí sin, marcáladh 30 freagra (as 45 cinn) le haghaidh chluastuiscint 2011. Marcáladh gach freagra ar an 30 ceist i gcluastuiscint 2015. Úsáideadh an tábla seo a leanas chun na torthaí ar Fhochuid A (*Tuiscint an scoláire ar ábhar na cluastuisceana faoi mar a léiríodh sna freagraí ar na ceisteanna*) a mharcáil.

TÁBLA 9: SCÓR A THABHAIRT DO THUISCINT AN SCOLÁIRE AR ÁBHAR NA CLUASTUISCEANA

Líon na bhfreagraí cearta	0-15	16-20	21-25	26-30
Catagóir	Lag	Measartha	Maith	An-mhaith
Scór	1	2	3	4

Leag na riachtanais taighde béim faoi leith ar chaighdeán na teanga a mheasúnú. Dá bhrí sin tugadh faoi anailís chomparáideach ar chaighdeán na teanga sa chomhpháirt litríochta sa dá bhliain. Toisc go raibh rogha leathan ceisteanna i gcomhpháirt litríochta an scrúdaithe, cinneadh an cheist ar ‘Phrós Ainmnithe/Prós Roghnach’ a úsáid chun na críche sin. Bhí an measúnú ar chaighdeán na teanga bunaithe ar shampla de fhreagraí an scoláire a bheadh idir leathanach agus leathanach go leith ar fad. Nuair ab fhéidir, úsáideadh an freagra ar cheist shonrach amháin. Ach sa chás nach raibh freagra an scoláire ar cheist áirithe fada go leor don mheasúnú, cuireadh an dara freagra san áireamh freisin. Sa chás nár fhreagair an scoláire aon cheann de na ceisteanna ar ‘Phrós Ainmnithe/Prós Roghnach’, úsáideadh ceist litríochta eile chun tabhairt faoin measúnú ar chaighdeán na teanga.

Ionstraimí Taighde

Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar na teimpléid mharcála agus ar na nósanna imeachta monatóireachta a úsáideadh le linn an staidéir taighde seo.

Cuireadh teimpléad i dtoll a chéile chun na scrúduithe scríofa in 2011 agus 2015 a scóráil (féach Aguisín 9). Toisc gur úsáideadh na comhpháirteanna céanna an dá bhliain, níor ghá an dara teimpléad a chruthú.

Roghnaigh an monatóir ainmnithe ceithre script chun marcáil; bhain na ceithre script le ceithre leibhéal dhifriúla a tháinig leis na ceithre chatagóir a sonraíodh ar an teimpléad scríofa: lag (1); measartha (2); maith (3); agus an-mhaith (4). Tionóladh comhdháil mharcála nuair a iarradh ar gach taighdeoir na comhpháirteanna riachtanacha de na ceithre script a mharcáil astu féin. Pléadh na scóir a bhronn gach scrúdaitheoir agus comhaontaíodh scór caighdeánach chun críche an staidéir taighde seo. Ansin d’úsáid na taighdeoirí na scrípteanna scóráilte leis na marcanna comhaontaithe mar theimpléid dá gcuid oibre féin.

Chun iontaofacht a chinntiú idir na rátálaithe, chuir gach taighdeoir teimpléid mharcála chomhlánaithe ar fáil don mhonatóir le haghaidh gach fiche script. Roghnaigh an monatóir trí script ó chatagóirí difriúla (lag, measartha, maith) agus rinne sé athmheasúnú orthu. Tugadh na scrípteanna sin ar ais don taighdeoir ansin agus má bhí difríocht ina scóir, iarradh ar an taighdeoir gach script a scóráil sí go dtí sin a athscóráil agus na teimpléid scórála leasaithe a chur faoi bhráid an mhonatóra arís.

Lean an próiseas sin ar aghaidh go dtí gur marcáladh gach script ó 2011. Chun comhsheasmhacht sa chóras scórála don dá bhliain a chinntiú, bhíodhas ag súil go scórálfadh na taighdeoirí céanna an t-ábhar scríofa ó na scoileanna céanna don dá bhliain. Toisc gurbh éigean taighdeoirí nua a earcú le haghaidh an ábhair scríofa in 2016⁵, níorbh fhéidir sin a dhéanamh ach i gcás 15 cinn as an 20 scoil. Scóráil an monatóir ábhar 2015 do na cúig scoil eile.

⁵ De bharr cúinsí pearsanta, níor fhan gach taighdeoir ag obair ar an tionscadal agus tháinig taighdeoirí nua ina n-áit

CUID A TRÍ: TORTHAÍ NA HANAILÍSE AR ÁBHAR Ó BHÉAL


Tugtar achoimre sa roinn seo ar na príomhthorthaí ón anailís chomparáideach a rinneadh ar ábhar na béaltrialach le haghaidh 2011 agus 2015. Nochtann na torthaí sin seacht dtreocht a bhaineann leis na gnéithe seo a leanas den bhéaltrial: raon na dtopaicí don chomhrá; spontáineacht sa chomhrá; léitheoireacht; tuiscint ar cheisteanna a bhain le garthimpeallacht/ar cheisteanna a bhain le topaicí lasmuigh den gharthimpeallacht; raon foclóra; raon frásaí/nathanna cainte; agus cruinneas gramadaí faoi cheannlínte éagsúla. Pléitear gach treocht i dtaca leis an gceist taighde a bhaineann léi. Pléitear na ceithre cheist taighde a bhaineann leis an mbéaltrial leasaithe sa roinn seo freisin.

Raon na dTopaicí don Chomhrá

Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar an raon topaicí a phléigh an scoláire le linn an chomhrá sa scrúdú?

Bhain comhráite ginearálta le raon topaicí a bhain le garthimpeallacht na scoláirí, ar nós a dteaghlaigh, baile, scoile, caitheamh aimsire, chomh maith le topaicí a bhain le réimsí lasmuigh den gharthimpeallacht ar nós fadhbanna sóisialta, polaitíochta, cúrsaí idirnáisiúnta, na Seirbhíse Sláinte, fostaíochta, taistil, imirce, etc. Déantar comparáid idir raon na dtopaicí sna blianta 2011 agus 2015 sa tuarascáil seo. Léiríonn na torthaí nach raibh raon na dtopaicí a pléadh sa chomhrá ginearálta chomh leathan in 2015 agus a bhí in 2011 (féach Fíor 1). Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gur fheabhsaigh raon na dtopaicí a pléadh sna Scoileanna Lán-Ghaeilge beagáinín in 2015 ó 96.92% in 2011 go 98.74% in 2015 (féach Tábla 11 & Tábla 12). Níl aon suntas ag baint leis an méadú sin i gcomhthéacs an taighde seo. Ach ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh laghdú suntasach ar raon na dtopaicí a pléadh sna Scoileanna ina ndéantar an Teagasc trí Mheán an Bhéarla ó 96.86% in 2011 go 87.56% in 2015 (féach Tábla 12). Baineann na taighdeoirí de thátal as sin go raibh tionchar ag an tsraith pictiúr ar an toradh sin. I gcás na scoláirí is laige tugadh faoi deara go raibh deacracht ag na scrúdaitheoirí na scoláirí sin a bhogadh ar aghaidh ó phictiúr go pictiúr agus go raibh sé de nós ag scoláirí níos cumasaí fanacht níos faide ar gach pictiúr chun a n-aschur teanga a úsáid oiread agus ab fhéidir. Dá bhrí sin bhí níos lú ama ar fáil don chomhrá ginearálta, agus pléadh níos lú topaicí dá réir.

Fíor 1: Comparáid idir Raon na dTopaicí a Pléadh in 2011 agus 2015



Spontáineacht sa Chomhrá


Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 i dtéarmaí spontáineacht an chomhrá?

Tháinig an t-ábhar a cuireadh ar fáil do na taighdeoirí ó shuíomh oifigiúil scrúdaithe ar tugadh faoi de réir na dtreoirlínte oifigiúla agus a bunaíodh go príomha, ach ní go hiomlán, ar thopaicí ó shiollabas oifigiúil na hArdteistiméireachta mar a leag an Roinn Oideachais agus Scileanna síos é. D'fhonn measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an scoláire maidir le spontáineacht, b'éigean do na taighdeoirí brath ar an idirghníomhú idir an scoláire agus an scrúdaitheoir le linn an chomhrá ghinearálta sa scrúdú.

Sa chomhthéacs sin, dhírigh na taighdeoirí ar chumas an scoláire na freagraí cuí a thabhairt láithreach agus gan stad ná an gá go n-iarrfaí an cheist cúpla uair ná go dteastódh eochairfhocail ná leideanna áirithe ón scrúdaitheoir (féach Aguisín 6).

Déantar comparáid idir an spontáineacht sa chomhrá sna blianta 2011 agus 2015 sa tuarascáil seo (féach Fíor 2). Léiríonn na torthaí laghdú beag ar líon na scoláirí a chuir spontáineacht sa chomhrá in iúl in 2015 (83.95%) i gcomparáid le 2011 (85.11%). Níl aon suntas ag baint leis an laghdú sin i gcomhthéacs an taighde seo.

Fíor 2: Comparáid idir Spontáineacht sa Chomhrá in 2011 agus 2015



Léitheoireacht

Ar tháinig aon athrú idir foghraíocht léamh an phróis in 2011 agus foghraíocht léamh na filíochta in 2015?


Rinneadh comparáid idir léamh an phróis agus na filíochta in 2011 agus in 2015. Iarradh ar na scoláirí sliocht próis a léamh in 2011 agus véarsaí filíochta a léamh in 2015. D'fhéadfaí comparáid dhíreach a dhéanamh idir an dá chineál léimh toisc go ndearnadh measúnú ar fhoghraíocht agus ar rithim léimh na scoláirí an dá bhliain. Tagraíonn foghraíocht do chumas na scoláirí na focail a fhuaimniú sa sliocht próis nó filíochta. Tagraíonn rithim do chumas na scoláirí an sliocht a léamh ar bhealach atá nádúrtha dar leis an éisteoir, ag úsáid tuin chainte agus ag glacadh sosa go cuí.

Níor iarradh ar na scoláirí an sliocht próis nó filíochta a léamh i gcanúint ar leith. Léiríonn na torthaí gur fheabhsaigh an fhoghraíocht agus an rithim araon go suntasach i gcás na scoláirí a bhí sa chatagóir 'An-mhaith', ach nach raibh an feabhsú chomh feiceálach céanna i gcás na scoláirí níos laige. Bhí méadú an-suntasach ar líon na scoláirí a scóráil sa chatagóir 'An-mhaith', 63.63% in 2011 suas go 75.06% in 2015. Léirigh na torthaí freisin go raibh laghdú beag ar líon na scoláirí a scóráil sa chatagóir 'Lag', 3.60% in 2011 síos go 2.08% in 2015 (féach Fíor 3).

Ach nuair a chuirtear na scóir sna catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile don dá bhliain, feictear feabhsú nach bhfuil chomh mór céanna, 5.19%, ó 84.88% in 2011 go 90.07% in 2015. Léiríonn an toradh sin gurb é an phríomhthreocht ná gluaiseacht scoláirí ón gcatagóir 'Maith' go dtí an chatagóir 'An-mhaith' idir 2011 agus 2015. Má bhreathnaítear níos grinne ar an dá ghné sa bhéalttrial, feictear go raibh na sleachta próis in 2011 i bhfad níos faide ná na sleachta filíochta in 2015 agus bhain na taighdeoirí de thátal as sin go raibh tionchar aige sin ar na torthaí.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur roghnaíodh na sleachta próis in 2011 go sonrach don bhéalttrial agus gurbh ionann na dánta a roghnaíodh don bhéalttrial in 2015 agus na dánta ainmnithe don chúrsa litríochta ag an ardleibhéal agus ar an ngnáthleibhéal. Bhain na taighdeoirí de thátal as sin go raibh tionchar aige sin freisin ar na torthaí maidir leis an léitheoireacht.

Fíor 3: Comparáid idir Foghraíocht Léitheoireachta in 2011 agus 2015




Ar tháinig aon athrú idir rithim léamh an phróis in 2011 agus rithim léamh na filíochta in 2015?

Bhí na scóir don rithim an-chosúil leo siúd don fhoghraíocht. Bhí méadú suntasach ar líon na scoláirí a scóráil sa chatagóir ‘An-mhaith’, 63.63% in 2011 suas go 75.06% in 2015. Bhí laghdú freisin ar líon na scoláirí a scóráil sa chatagóir ‘Lag’, 3.60% in 2011 síos go 2.08% in 2015 (féach Fíor 4).

Agus an toradh seo á mheas, caithfear a bheith feasach nach raibh na sleachta próis ina gcuid den chúrsa litríochta sa ghné scríofa den scrúdú do na scoláirí ardleibhéil ná do na scoláirí gnáthleibhéil, ach gur roghnaíodh go sonrach iad don bhéaltriail in 2011 agus go raibh na dánta roghnaithe do bhéaltriail 2015 ina gcuid den chúrsa litríochta do na scoláirí ardleibhéil agus gnáthleibhéil araon. Bhain na taighdeoirí de thátal as sin go raibh tionchar aige sin freisin ar an toradh seo.

Fíor 4: Comparáid idir Rithim Léitheoireachta in 2011 agus 2015



Tuiscint ar Cheisteanna a Bhain leis an nGarthimpeallacht

Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar thuiscint an scoláire ar cheisteanna a bhain leis an ngarthimpeallacht?

Tugadh faoi anailís ar thuiscint na scoláirí ar cheisteanna a bhain le topaicí óna ngarthimpeallacht ar nós a dteaghlaigh, na scoile, caitheamh aimsire agus a gcumas ceisteanna dá leithéid a fhreagairt i scrúdú 2011 agus 2015 araon. Léiríonn na torthaí go raibh laghdú beag ach neamhshuntasach ar líon na scoláirí sa chatagóir ‘Lag’ idir 2011 agus 2015, 3.72% in 2011 síos go 2.89% in 2015, agus feictear laghdú freisin sa chatagóir ‘An-mhaith’, 69.03% in 2011 síos go 65.94% in 2015 (féach Fíor 5).

Níl an laghdú sin sa chatagóir ‘An-mhaith’ an-suntasach; is ionann é agus laghdú 3.09%. Ach bhí méadú mórán mar an gcéanna (3.62%) sa chatagóir ‘Maith’ in 2015. Mar sin féin, nuair a chuirtear na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile, is beag difríocht atá ann idir 2011 agus 2015. Léiríonn na torthaí gurb é an phríomhthreocht ná gluaiseacht ón gcatagóir ‘An-mhaith’ go dtí an chatagóir ‘Maith’.


Chonaic na taighdeoirí roinnt cásanna nár fhreagair na scoláirí an cheist i gceart, ceisteanna ar nós ‘Cad a dhéanfaidh tú nuair a bheidh tú críochnaithe leis an scoil seo?’. Uaireanta thosaigh scoláirí ag labhairt faoi dhul abhaile, a gcuid oibre baile a dhéanamh, nó a ndinnéar a ithe. I ndiaidh an cheist a chur an athuair agus/nó an scoláire a ghríosú le ceist eile ar nós ‘Cén cúrsa a dhéanfaidh tú?’, bhí deacracht fós acu an cheist

a fhreagairt i gceart. Bhí deacrachtaí ag baint le ceisteanna eile ar nós ‘Cá n-imríonn tú ar an bhfoireann?’. Chuir an scrúdaitheoir an cheist arís eile go minic gan aon fhreagra a fháil go dtí go raibh na heochairfhocail ‘i lár na páirce’ mar chuid den cheist.

Toisc go dteastaíonn formhór an ama ullmhúcháin sa rang in 2015 le haghaidh na sraithe pictiúr, tugtar le fios b’fhéidir nach raibh cuid de na topaicí a bhaineann le garthimpeallacht na scoláirí chomh hullmhaithe céanna in 2015.

I líon beag cásanna tugadh faoi deara go raibh cuid de na scoláirí níos líofa beagáinín stadach nó drogallach comhrá a dhéanamh leis an scrúdaitheoir agus ceisteanna áirithe a fhreagairt, ar nós ‘Cén obair a dhéanann tú sa ghairdín?’ nó ‘Cad atá ag fás sa ghairdín?’. Bhí níos mó foinn ar na scoláirí sin plé a dhéanamh ar thopaicí a d’fhéadfaí a rá a bhí níos téagartha, topaicí lasmuigh dá ngarthimpeallacht go príomha.

Fíor 5: Comparáid idir Tuiscint ar Cheisteanna a Bhain leis an nGarthimpeallacht in 2011 agus 2015



Tuiscint ar Cheisteanna a Bhain le Topaicí Lasmuigh den Gharthimpeallacht


Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar thuiscint an scoláire ar cheisteanna a bhain le topaicí lasmuigh den gharthimpeallacht?

Déantar anailís ar leibhéal tuisceana na scoláirí in 2011 agus in 2015 ar thopaicí lasmuigh dá ngarthimpeallacht, ar nós polaitíochta, fadhbanna sóisialta, na Seirbhísí Sláinte, etc., agus a gcomhrá faoina leithéid. Léiríonn na torthaí méadú beag ar líon na scoláirí sa chatagóir ‘An-mhaith’, 58.82% in 2011 suas go 60.62% in 2015 (féach Fíor 6).

Léiríonn an méadú sin go raibh cuid de na scoláirí níos líofa in 2015 níos compordaí agus níos toilteanaí comhrá a dhéanamh leis an scrúdaitheoir nuair a bhí topaicí a d’fhéadfaí a rá a bhí níos téagartha á bplé. Thabharfadh sé sin le fios go bhfuil níos mó ama á caitheamh ar an mbéaltriail de bharr an mhéadaithe ar na marcanna a bhrontar ar an gcuid sin den scrúdú.

Ach nuair a chuirtear na catagóirí ‘Go maith’ agus ‘An-mhaith’ sa dá bhliain le chéile, tá an dá thoradh mórán mar an gcéanna, 78.99% in 2011 agus 77.25% in 2015. Mar sin féin, bhí méadú beag freisin ar líon na scoláirí sa chatagóir ‘Lag’, 8.52% in 2011 suas go 9.82% in 2015. Míniú amháin a d’fhéadfadh a bheith air sin is ea go bhféadfadh go bhfuil na scoláirí níos laige ag caitheamh níos mó den am ar ullmhú na sraithe pictiúr aisti féin.

Fíor 6: Comparáid idir Tuiscint ar Cheisteanna a Bhain le Topaicí Lasmuigh den Gharthimpeallacht in 2011 agus 2015




Raon Foclóra

Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar raon foclóra an scoláire le linn an chomhrá ghinearálta?

Rinneadh anailís ar an raon foclóra a léirigh scoláirí in 2011 agus in 2015 agus rinneadh comparáid idir na scóir. Rinne na taighdeoirí iniúchadh ar fhairsinge fhoclóir na scoláirí agus ar a ábharthacht don topaic a bhí á phlé. Léiríonn an taighde go raibh méadú ar chéatadán na scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith', 34.69% in 2011 suas go 39.61% in 2015.

Bhí laghdú freisin ar líon na scoláirí a scóráil sa chatagóir 'Lag', 10.68% in 2011 síos go 6.70% in 2015 (féach Fíor 7). Thabharfadh na torthaí sin le fios go raibh níos mó ama á chaitheamh ar an ullmhúchán don bhéaltriail in 2015.

Fíor 7: Comparáid idir an Raon Foclóra in 2011 agus 2015




Raon Frásaí/ Nathanna Cainte

Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar an raon frásaí/nathanna cainte a d'úsáid an scoláire le linn an chomhrá ghinearálta?

Tagraíonn sé seo do chumas na scoláirí nathanna cainte agus frásaí a úsáid a bhaineann leis an nGaeilge amháin agus a gcumas iad a fhí sa chomhrá ar bhealach nádúrtha. Samplaí de fhrásaí dá leithéid is ea 'bíonn polaiteoirí ag tochas ar a gceirtlín féin', 'is é an dá mhar a chéile é', 'an ghrian ag scoilteadh na gcloch,' 'ar mhuin na muice,' 'níl aon tinteán mar do thinteán féin', etc. Léiríonn na torthaí go raibh feidhmíocht na scoláirí sa chomhpháirt seo den scrúdú lag ar an iomlán an dá bhliain (féach Fíor 8). Thabharfadh sé sin le fios nach bhfuil tús áite á thabhairt don ghné seo den teanga nó nach bhfuil béim á leagan uirthi i rith an ullmhúcháin don bhéaltrial.

Fíor 8: Comparáid idir an Raon Nathanna Cainte in 2011 agus 2015



Cruinneas Gramadaí

Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar chruinneas gramadaí an scoláire?


Rinneadh anailís ar mháistreacht na scoláirí ar ghramadach na Gaeilge sa chomhrá ghinearálta in 2011 agus in 2015. Tugadh faoin anailís sin faoi cheithre fhotheideal ar leith: (i) úsáid na mbriathra sa mhodh tascach, (ii) úsáid na mbriathra sa mhodh coinníollach, (iii) úsáid na cainte indíri, (iv) gnéithe eile den ghramadach maidir le húsáid ainmfhocal, forainmneacha, réamhfhocal, forainmneacha réamhfhocla, aidiachtaí, etc. Tugtar breac-chuntas ar na torthaí faoi na ceithre cheannteidil sin thíos.

Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar chruinneas gramadaí an scoláire agus é nó í ag úsáid briathra sna bunaimsirí?

Chonacthas gur beag athrú a tháinig ar chéatadán na scoláirí sa chatagóir 'Lag' an dá bhliain, 8.64% in 2011 síos go 8.55% in 2015. Mhéadaigh céatadán na scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' ó 45.38% in 2011 suas go 48.50% in 2015. Is ionann sin agus feabhsú 3.12%. Ach nuair a chuirtear na catagóirí 'Go maith' agus 'An-mhaith' le chéile, is beag difríocht atá ann, 72.03% in 2011 agus 72.40% in 2015 (féach Fíor 9). Léiríonn na torthaí sin gurb é an phríomhthreocht ná scoláirí ag gluaiseacht ón gcatagóir 'Go maith' go dtí an chatagóir

‘An-mhaith’. Tugann sé sin le fios go raibh na scoláirí níos líofa ag díriú níos mó ar an mbéaltrial in 2015, mar gheall ar an méadú ar an líon iomlán marcanna ar an gcuid sin den scrúdú is dócha.

Fíor 9: Comparáid idir Cruinneas Briathra sna Bunaimsirí in 2011 agus in 2015




Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar chruinneas gramadaí an scoláire agus é nó í ag úsáid briathra sa mhodh coinníollach?

Léiríonn an fhianaise go raibh máistreacht na scoláirí ar úsáid cheart an mhodha choinníollaigh lag i scrúdú 2011 agus 2015 araon. Bhí céatadán na scoláirí sa chatagóir ‘Lag’ in 2011 ard ag 8.64%, agus bhí an céatadán sa chatagóir ‘An-mhaith’ íseal ag 45.38%. Ach léiríonn an fhianaise le haghaidh 2015 gur mhéadaigh an céatadán sa chatagóir ‘Lag’ go suntasach go 8.55%, arb ionann é agus méadú 16.85% (féach Fíor 10). Caithfear a thabhairt faoi deara agus na torthaí sin á meas gur minic go bhfiafraíodh an scrúdaitheoir ceisteanna i scrúdú 2011 a d’éileodh freagra ón scoláire sa mhodh coinníollach, ar nós

Céard a dhéanfa dá mbeifeá i do phríomhoide ar an scoil seo?’, ‘Céard a dhéanfa dá mbeifeá i do Thaoiseach?’, ‘Céard a dhéanfa dá mbuafá an Crannchur Náisiúnta?’

Sna cásanna sin, thabharfadh an scoláire freagra réamhullmhaithe go minic. Ach i scrúdú 2015, níor úsáideadh ceisteanna dá leithéid chomh minic céanna agus ba nós leis na scrúdaitheoirí an modh coinníollach a thabhairt isteach sa chomhrá ar bhealach níos neamhfhoirmeálta. Nuair a mheastar na torthaí sin, i gcomhar le cumas na scoláirí plé le gnéithe na mbolgán cainte sa tsraith pictiúr, d’fhéadfaí a bhaint de thatal as gur léargas níos cruinne é an scór de 89.84% sa chatagóir ‘Lag’ i scrúdú 2015 ar mháistreacht na scoláirí ar an modh coinníollach.


Fíor 10: Comparáid idir Cruinneas Briathra sa Mhodh Coinníollach in 2011 agus 2015



Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar chruinneas gramadaí an scoláire agus é nó í ag úsáid caint indíreach?

Léiríonn an fhianaise go raibh cumas na scoláirí an chaint indíreach a úsáid go cruinn lag in 2011 le 62.79% de na scoláirí sa chatagóir 'Lag'. Ach mhéadaigh céatadán na scoláirí sa chatagóir 'Lag' go 69.28% in 2015. Laghdaigh céatadán na scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' ó 6.24% in 2011 síos go 3.12% in 2015 (féach Fíor 11). Léiríonn na torthaí sin go raibh tionchar na n-athruithe níos láidre i measc na scoláirí níos laige. Bhí ardú 6.49% ar chéatadán na scoláirí sa chatagóir 'Lag', agus bhí laghdú 3.12% ar an gcéatadán sa chatagóir 'An-mhaith'. B'fhiú é sin a iniúchadh tuilleadh.


Fíor 11: Comparáid idir Cruinneas Briathra sa Chaint Indíreach in 2011 agus 2015



Ar tháinig aon athrú idir 2011 agus 2015 ar chruinneas gramadaí an scoláire maidir le húsáid chruinn ainmfhocal, forainmneacha, réamhfhocal, forainmneacha réamhfhoclaigh, aidiachtaí, etc.?

Laghdaigh céatadán na scoláirí sa chatagóir ‘Lag’ ó 11.04% in 2011 go 7.97% in 2015. Mhéadaigh céatadán na scoláirí sa chatagóir ‘An-mhaith’ go suntasach ó 34.93% in 2011 suas go 42.73% in 2015, méadú 7.80%. Ach nuair a chuirtear na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile, níl an méadú chomh suntasach sin ar chor ar bith, agus níl ach méadú 3.44% i gceist (féach Fíor 12). Agus na torthaí sin á meas, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é an treocht níos suntasaí ná scoláirí líofa ag gluaiseacht ón gcatagóir ‘Maith’ go dtí an chatagóir ‘An-mhaith’.

Fíor 12: Comparáid idir Cruinneas Gramadaí maidir le hÚsáid Chruinn Ainmfhocal, Forainmneacha, Réamhfhocal, Forainmneacha Réamhfhoclaigh, Aidiachtaí, etc.



Feidhmíocht Scoláirí Fireanna agus Baineanna

An raibh aon difríocht idir feidhmíocht scoláirí fireanna agus baineanna sna gnéithe éagsúla den Scrúdú Béal in 2011 i gcomparáid le 2015?

Rinne na taighdeoirí comparáid idir gach gné d'fheidhmíocht na scoláirí i mbéaltrialacha 2011 agus 2015. Léiríonn an fhianaise go raibh feabhas beag ar inniúlacht fhoriomlán na scoláirí, idir fhireann agus bhaineann, in 2015 ach nach feabhas an-suntasach a bhí ann. Tá an feabhas is suntasaí le tabhairt faoi deara sa léitheoireacht. (féach Tábla 10).

- Taispeánann na torthaí gur tháinig feabhas foriomlán ar léamh na filíochta in 2015 i gcomparáid le léamh an phróis in 2011 i gcás scoláirí fireanna agus baineanna araon. I gcás scoláirí fireanna tháinig feabhas 15.06% ar an líon a bhí sa chatagóir 'An-mhaith' in 2015 i gcomparáid le 2011. Ní raibh an feabhas chomh suntasach céanna i gcás scoláirí baineanna (7.43%). Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, nuair a bhíonn na céatadáin feabhais sin á gcur i gcomparáid agus feabhas i bhfad níos suntasaí tagtha ar inniúlacht na scoláirí fireanna, nach raibh ach 56.75% de na scoláirí fireanna sa chatagóir 'An-mhaith' in 2011 ach go raibh 71.21% de na scoláirí baineanna sa chatagóir sin in 2011. Mar sin féin, nuair a chuirtear na catagóirí 'maith' agus 'an-mhaith' le chéile thar an dá bhliain, níl difríocht shuntasach sa ráta feabhais idir scoláirí fireanna agus scoláirí baineanna (feabhas 5.72% i gcás scoláirí fireanna agus 4.62% i gcás scoláirí baineanna).
- Bhí na scóir a bhain scoláirí amach maidir le húsáid an mhodha choinníollaigh íseal ar an iomlán in 2011. Ní raibh ach 8.92% de na scoláirí fireanna agus 16.92% de na scoláirí baineanna sna catagóirí 'maith' agus 'an-mhaith' le chéile. Taispeánann na torthaí ó 2015 gur lagaigh inniúlacht na scoláirí tuilleadh maidir le húsáid an mhodha choinníollaigh agus bhí an lagú sin beagán níos suntasaí i measc scoláirí baineanna. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile do 2015 bhí titim 6.28% i gcás na scoláirí fireanna agus titim 7.70% i gcás na scoláirí baineanna. Tá sé soiléir ó na torthaí sin go bhfuil inniúlacht na scoláirí i gcoitinne, idir scoláirí fireanna agus scoláirí baineanna, an-lag tríd is tríd maidir le húsáid an mhodha choinníollaigh.
- Tá na scóir a bhain na scoláirí i gcoitinne amach maidir le ceartúsáid na claoninsinte an-íseal ar an iomlán. In 2011, bhí 20.96% de na scoláirí baineanna sna catagóirí 'maith' agus 'an-mhaith' le chéile ach ní raibh ach 15.10% de na scoláirí fireanna sna catagóirí sin, difríocht de 5.86%. Thit céatadán na scoláirí fireanna sna catagóirí 'maith' agus 'an-mhaith' le chéile go dtí 10.57% in 2015. Sin titim 4.53% i gcás na scoláirí fireanna. Ní raibh an titim i gcéatadán na scoláirí baineanna sna catagóirí sin le chéile chomh suntasach céanna (ó 20.96% go dtí 18.21%), titim de 2.75%.
- Léiríonn na scóir gur pléadh raon leathan topaicí i gcás scoláirí baineanna chomh maith le scoláirí fireanna in 2011 agus 2015. Bhí titim mar sin féin ar raon na dtopaicí a pléadh in 2015 i gcomparáid le 2011 i gcás na scoláirí i gcoitinne. Bhí an titim níos suntasaí i gcás scoláirí fireanna (7.84%) i gcomparáid le scoláirí baineanna (4.46%) (féach Tábla 10).
- Taispeánann na torthaí gur chruthaigh na scoláirí baineanna níos fearr i ngach catagóir in 2011 agus go ndearna siad amhlaidh arís in 2015.

Tábla 10: COMPARÁID IDIR FEIDHMÍOCHT SCOLÁIRÍ FIREANNA AGUS BAINEANNA IN 2011 AGUS 2015

		% BUACHAILLÍ 2011	% CAILÍNÍ 2011	% BUACHAILLÍ 2015	% CAILÍNÍ 2015
LÉITHEOIREACHT	An-mhaith	56.75	71.21	71.81	78.64
	Go maith	25.86	16.16	16.52	13.35
	Measartha	13.73	9.09	9.03	6.55
	Lag	3.66	3.54	2.64	1.46
Topaicí Garthimpeallachta a Thuisint	An-mhaith	63.62	75.00	60.35	72.09
	Go maith	19.91	13.64	23.35	17.48
	Measartha	12.59	7.83	12.33	8.74
	Lag	3.89	3.54	3.96	1.70
Topaicí Seachtracha a Thuisint	An-mhaith	52.63	65.66	55.73	66.02
	Go maith	23.11	16.92	18.72	14.32
	Measartha	15.79	8.84	15.42	10.19
	Lag	8.47	8.59	10.13	9.47
Stór Focal	An-mhaith	29.98	39.90	34.80	44.90
	Go maith	33.18	31.82	32.16	32.77
	Measartha	23.57	20.45	24.89	17.23
	Lag	13.27	7.83	8.15	5.10
Frásaí	An-mhaith	0.92	7.32	5.73	3.16
	Go maith	10.07	13.89	9.91	10.92
	Measartha	19.68	18.43	16.96	15.78
	Lag	69.34	60.35	67.40	70.15
Modh Táscach	An-mhaith	44.85	45.96	47.36	49.76
	Go maith	23.80	29.80	24.23	23.54
	Measartha	21.97	16.41	19.38	18.69
	Lag	9.38	7.83	9.03	8.01
Modh Coinníollach	An-mhaith	1.37	4.04	1.32	1.21
	Go maith	7.55	12.88	1.32	3.64
	Measartha	11.21	17.68	4.85	8.25
	Lag	79.86	65.40	92.51	86.89
Cruinneas Gramadaí Foriomlán	An-mhaith	33.87	36.11	41.19	44.42
	Go maith	33.18	32.32	28.63	28.16
	Measartha	19.91	22.73	21.59	20.15
	Lag	13.04	8.84	8.59	7.28
Claoninsint	An-mhaith	3.89	8.84	2.20	4.13
	Go maith	11.21	12.12	8.37	14.08
	Measartha	19.68	18.94	15.20	17.96
	Lag	65.22	60.10	74.23	63.83
Spontáineach	Tá	80.32	90.40	78.85	89.56
	Níl	19.68	9.60	21.15	10.44
Raon Leathan Topaicí	Tá	97.71	95.96	89.87	91.50
	Níl	2.29	4.04	10.13	8.50

Feidhmíocht Scoláirí i Scoileanna ina ndéantar an Teagasc trí Mheán na Gaeilge

An raibh aon difríocht i bhfeidhmíocht scoláirí i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge idir 2011 agus 2015?

Tugadh roinnt nithe faoi deara mar thoradh ar fheidhmíocht scoláirí i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge a chur i gcomparáid thar 2011 agus 2015 (féach Tábla 11). Tugadh faoi deara nuair a cuireadh na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile go raibh feabhas 3% le feiceáil i gcomhpháirt na léitheoireachta. Nuair a bhíonn an feabhas sin á mheas, áfach, ní mór a thabhairt faoi deara go raibh an céatadán sna catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile an-ard cheana féin (95%) in 2011. Taispeánann na torthaí gur tháinig feabhas 3.99% ar chruinneas gramadaí maidir le ceartúsáid ainmfhocal, forainmneacha, réamhfhocal, forainmneacha réamhfhocla, aidiachtaí etc. sna catagóirí 'Maith' agus 'an-Mhaith' le chéile, agus méadú 6.55% ar chruinneas briathra sa mhodh tascach sa chatagóir 'an-Mhaith'. Arís nuair a chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'an-Mhaith' le chéile, taispeánann na torthaí gur tháinig titim 16.66% idir 2011 agus 2015 ar fheidhmíocht na scoláirí maidir le raon na nathanna cainte agus na seanfhocal a d'úsáid siad. Tá sé tugtha faoi deara ag na taighdeoirí nár dhírigh scoláirí i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge ar nathanna cainte ná ar sheanfhocail chomh mór céanna agus a dhírigh na scoláirí ba chumasáí i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla (féach Tábla 12).

Tháinig titim 15.86% ar fheidhmíocht na scoláirí maidir le húsáid an mhodha choinníollaigh agus titim 23.06% ar a bhfeidhmíocht maidir le cruinnúsáid na claoninsinte idir 2011 agus 2015. Tháinig na taighdeoirí ar an gconclúid go raibh tionchar dearfach chomh maith le tionchar diúltach ag na hathruithe a rinneadh ar an mbéaltriall ar fheidhmíocht scoláirí i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge: (féach Tábla 11).

TÁBLA 11: COMPARÁID IDIR FEIDHMÍOCHT SCOLÁIRÍ I SCOILEANNA INA NDÉANTAR AN TEAGASC TRÍ MHEÁN NA GAELIGE IN 2011 AGUS 2015 (BÉALTRAILL)

Léitheoireacht	2011	2015
An-mhaith	82.69	89.54
Maith	12.31	8.79
Measartha	4.23	1.26
Lag	0.77	0.42
Comhrá Ginearálta Topaicí Garthimpeallachta		
An-mhaith	98.46	99.16
Maith	1.54	0.84
Measartha	-----	
Lag	-----	
Comhrá Ginearálta Topaicí Lasmuigh den Gharthimpeallacht		

An-mhaith	93.85	99.16
Maith	5.77	0.84
Measartha	0.38	
Lag		
Raon Foclóra		
An-mhaith	63.46	73.22
Maith	34.23	24.69
Measartha	1.92	1.67
Lag	0.38	0.42
Raon Nathanna Cainte		
An-mhaith	8.46	5.44
Maith	25.77	12.13
Measartha	33.85	19.67
Lag	31.92	62.76
Cruinneas Briathra sa Mhodh Tásach		
An-mhaith	74.62	81.17
Maith	21.15	16.32
Measartha	3.08	2.51
Lag	1.15	
Cruinneas Briathra sa Mhodh Coinníollach		
An-mhaith	5.77	2.51
Maith	18.46	5.86
Measartha	25.38	16.32
Lag	50.38	75.31
Cruinneas Gramadaí (Ainmfhocail, Forainmneacha, Réamhfhocail, Forainmneacha Réamhfhoclacha, Aidiachtaí etc)		
An-mhaith	57.31	68.20
Maith	35.77	28.87

Measartha	6.15	2.93
Lag	0.77	
	2011	2015
Caint Indíreach/Claoninsint		
An-mhaith	16.15	4.60
Maith	26.15	14.64
Measartha	34.23	29.71
Lag	23.46	51.05
Spontáineach		
TÁ	96.92	100
NÍL	3.08	
Raon Leathan Topaicí		
TÁ	96.92	98.74
NÍL	3.08	1.26

Feidhmíocht Scoláirí i Scoileanna ina ndéantar an Teagasc trí Mheán an Bhéarla

An raibh aon difríocht idir feidhmíocht scoláirí i scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla sna gnéithe éagsúla den bhéaltreail idir 2011 agus 2015?

Tugadh roinnt nithe faoi deara nuair a rinneadh comparáid idir feidhmíocht scoláirí ó scoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla thar 2011 agus 2015 (féach Tábla 12). Léiríonn na torthaí go raibh tionchar dearfach ag an athrú ar fheidhmíocht scoláirí i ngnéithe áirithe den ghinchumas teanga cé go bhfuil tionchar diúltach le feiceáil i ngnéithe eile. Léiríonn na torthaí go raibh feabhas an-suntasach (14.57%) sa chatagóir ‘An-mhaith’ i dtaca le comhpháirt na léitheoireachta den scrúdú in 2015.

Mar a luadh cheana sa tuarascáil seo, is dócha go raibh tionchar ag roinnt tosca éagsúla ar an toradh sin. Mar sin féin, nuair a chuirtear na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile níl an feabhas (6.64%) sna scóir don léitheoireacht in 2015 chomh suntasach sin. Taispeánann na torthaí feabhas 8.80% sa raon foclóra a úsáideadh agus feabhas 5.05% ar chruinneas gramadaí maidir le ceartúsáid ainmfhocal, forainmneacha, réamhfhocal, forainmneacha réamhfhoclacha, aidiachtaí etc.

Taispeánann na scóir gur tháinig titim 4.39% ar líon na scoláirí sa chatagóir ‘Lag’ in 2015 i dtaca le húsáid na claoninsinte. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil an fheidhmíocht maidir le húsáid na claoninsinte an-lag i gcónaí. Nuair a chuirtear na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile, tháinig feabhas 6.38% ar úsáid nathanna cainte agus seanfhocal thar an dá bhliain.

Is mar thoradh ar úsáid nathanna mar ‘Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch’, ‘Bhí sé ag stealladh báistí,’ ‘Bhíomar ar mhuin na muice’, ‘Níl aon tinteán mar do thinteán féin’, etc a tharla an feabhas sin den chuid is mó. Tá sé tugtha faoi deara ag na taighdeoirí go bhfuil na scoláirí is inniúla sna scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla ag díriú ar nathanna cainte agus ar sheanfhocail den sórt sin chun a nginchumas teanga a léiriú. Chomh maith leis sin, taispeánann na scóir gur tháinig laghdú suntasach (9.3%) ar an raon topaicí a ndearna scoláirí ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla plé orthu in 2015 i gcomparáid le 2011.

Ardaíonn sé seo roinnt ceisteanna tábhachtacha mar (i) an chaoi a gcuireann an tsraith pictiúr isteach ar an am atá ar fáil do chomhpháirt an chomhrá ghinearálta den bhéaltreail (ii) nár cuireadh aon am breise ar fáil chun freastal ar chomhpháirt bhreise a tugadh isteach sa scrúdú (iii) gur scrúdú comónta atá sa bhéaltreail do scoláirí ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal. B’fhiú tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar na ceisteanna sin.

TÁBLA 12: COMPARÁID IDIR FEIDHMÍOCHT SCOLÁIRÍ I SCOILEANNA INA NDÉANTAR AN TEAGASC TRÍ MHEÁN AN BHÉARLA IN 2011 AGUS 2015 (BÉALTRAIL)

Léitheoireacht	2011	2015
An-mhaith	54.97	69.54
Go maith	25.31	17.38
Measartha	14.83	10.37
Lag	4.89	2.71
Comhrá Ginearálta Topaicí Garthimpeallachta		
An-mhaith	55.67	53.27
Go maith	23.91	28.07
Measartha	15.01	14.67
Lag	5.41	3.99
Comhrá Ginearálta Topaicí Lasmuigh den Gharthimpeallacht		
An-mhaith	42.96	45.93
Go maith	26.97	22.65
Measartha	17.98	17.86
Lag	12.39	13.56
Raon Foclóra		
An-mhaith	21.64	26.79
Go maith	31.76	35.41
Measartha	31.24	28.71
Lag	15.36	9.09
Raon Nathanna Cainte		
An-mhaith	1.92	4.15
Go maith	5.58	9.73
Measartha	12.39	15.15
Lag	80.10	70.97
Cruinneas Briathra sa Mhodh Táscach		

An-mhaith	32.11	36.04
Go maith	29.14	26.79
Measartha	26.70	25.36
Lag	12.04	11.80
Cruinneas Briathra sa Mhodh Coinníollach		
An-mhaith	1.22	0.85
Go maith	6.28	1.12
Measartha	9.25	2.71
Lag	83.25	93.37
Cruinneas Gramadaí (Ainmfhocail, Forainmneacha, Réamhfhocail, Forainmneacha Réamhfhoclacha, Aidiachtaí etc)		
An-mhaith	24.78	33.01
Go maith	31.41	28.23
Measartha	28.10	27.75
Lag	15.71	11.00
	2011	2015
Claoninsint		
An-mhaith	1.75	2.55
Go maith	5.06	9.73
Measartha	12.57	11.48
Lag	80.63	76.24
Spontáineach		
TÁ	78.53	77.83
NÍL	21.47	22.17
Raon Leathan Topaicí		
TÁ	96.86	87.56
NÍL	3.14	12.44

CUID A CEATHAIR: TORTHAÍ NA hANAILÍSE AR AN ÁBHAR SCRÍOFA

Leagtar amach sa chuid seo na treochtaí ba mhó a tugadh faoi deara san anailís chomparáideach ar an ábhar scríofa do 2011 agus 2015. Baineann na treochtaí seo leis na gnéithe seo a leanas den scrúdú scríofa: ceapadóireacht scríofa (láimhseáil an ábhair, cáilíocht na teanga); cluastuiscint (tuiscint ar an ábhair, cáilíocht na teanga, cruinneas litrithe); léamhthuiscint (tuiscint ar an ábhar, cáilíocht na teanga, cruinneas litrithe); agus litríocht (cáilíocht na teanga).

Cumas Ceapadóireachta


An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 ar chumas na scoláirí an topaic a bhí á plé a láimhseáil san aiste?

D'athraigh leagan amach na roinne Ceapadóireachta den scrúdpháipéar nuair a tugadh isteach an siollabas athbhreithnithe. Laghdaíodh an líon ranna ó cheithre cinn go trí cinn, ach tá an rogha de naoi dtopaic fós mar an gcéanna.

Tá teidil na n-aistí/alt nuachtáin/irisleabhair anois le chéile i roinn A, ina bhfuil cúig theideal anois seachas trí cinn. Is é is ciall leis seo go raibh níos mó topaicí ar fáil do scoláirí in 2015 i roinn A ná mar a bhí in 2011. Clúdaíonn na topaicí raon leathan ábhar – nuatheicneolaíocht, mí-úsáid drugaí agus alcóil agus staid na Gaeilge, agus roghnaíonn mórán scoláirí topaic ón roinn seo. Ba iad *Ré na Nua-Theicneolaíochta* agus *Mí-úsáid Alcóil agus Drugaí* na roghanna ba choitianta in 2015. Creideann na taighdeoirí go raibh an raon topaicí níos cúinge (trí thopaic) i scrúdú 2011 níos teibí agus níos srianta, agus dá bhrí sin go raibh níos mó deacrachta ag baint leis don ghnáthscoláire. Áiríodh sna topaicí *Idirghníomhú Sóisialta in Aois an Idirlín*, *Ceartha Leanaí*, agus *Ceannairí Pobail*.

Bhí na scrúdaitheoirí ag súil go mbeadh scoláirí in ann a smaointe faoin topaic a roghnaigh siad a eagrú ar bhealach loighciúil. Bhíodhas ag súil chomh maith le heolas ar an topaic agus úsáid nádúrtha teanga. Léirítear sa taighde go raibh laghdú beag sna catagóirí 'Lag/Measartha' le chéile in 2015 le hais 2011 (21.57% v 20.90%). Bhí méadú follasach ar an gcéatadán scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' (ó 36.29% go 42.52%). Is féidir a rá gur tharla formhór an mhéadaithe sin mar thoradh ar scoláirí a bheith ag bogadh ón gcatagóir 'Maith' go 'An-mhaith'. D'ainneoin gur fhéach na topaicí in 2015 níos soláimhsithe, is cosúil nár bhain tairbhe as seo ach na scoláirí sa chatagóir 'Maith', scoláirí a bheadh réitithe réasúnta maith ar aon nós.

Fíor 13: Comparáid idir Láimhseáil Ábhair na nAistí in 2011 agus 2015



Cáilíocht na Ceapadóireachta Scríofa

An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 ar cháilíocht teanga cheapadóireacht scríofa na scoláirí (lena n-áirítear úsáid briathra, réamhfhocal, thuiseal ginideach na n-ainmfhocal, chomh maith le cruinneas litrithe agus comhréire)?

Tagraíonn cáilíocht teanga do cháilíocht ghinearálta cheapadóireacht scríofa na scoláirí agus, go háirithe, an úsáid a bhaineann siad as briathra sa mhodh táscach agus sa mhodh coinníollach, an úsáid a bhaineann siad as an réamhfhocal ceart roimh an ainmfhocal, ceartúsáid an tuisil ghinidigh, an chomhréir cheart, agus a gcruinneas litrithe. Bronntar 80% de na marcanna i roinn na ceapadóireachta i gcomhair 'cáilíocht teanga'.


Is gné an-tábhachtach í, dá bhrí sin, den chuid seo den scrúdú. Ar an iomlán, bhí cáilíocht teanga na scoláirí in 2015 ar aon dul leis an gcáilíocht a bhí ag na scoláirí in 2011. Tugann na figiúirí seo le fios go raibh méadú beag sa chatagóir 'An-mhaith' d'fhorhmór na ngnéithe, agus go raibh méadú chomh maith ar líon na scoláirí sa chatagóir 'Lag'. Sa dá bhliain, bhí formhór na scoláirí sna catagóirí 'Measartha' agus 'Maith'.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndearnadh staidéar ach ar ábhar Ardleibhéil in 2011 agus 2015 araon, áit a mbeifí ag súil go mbeadh cruinneas na gramadaí go maith. Bunaithe ar anailís ar na sonraí sa staidéar seo, is léir go bhfuil eolas ar ghramadach lag i measc mórán scoláirí agus thug na taighdeoirí é sin faoi deara chomh maith agus iad ag amharc ar fhreagraí ar na ceistanna gramadaí foirmiúla i roinn na Léamhthuisceana in 2015.

Maidir le húsáid briathra i ngné na ceapadóireachta, léiríonn Fíor 14 thíos gur mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'Lag' ó 10.48% in 2011 go 17.69% in 2015, agus gur laghdaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' de bheagán ó 16.13% go 15.16%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Lag' agus 'Measartha' le chéile, tá na torthaí do 2011 agus 2015 an-chosúil lena chéile (51.08% v 50%) mar atá i gcás na gcatagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile (48.91% v 49.70%).

Thabharfadh sé sin le fios, maidir le cruinnúsáid briathra sa cheapadóireacht scríofa, cé gur beag gluaiseacht a bhí idir na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith', gur thit líon suntasach scoláirí ón gcatagóir 'Measartha' go 'Lag' in 2015.


Fíor 14: Comparáid idir Cruinnúsáid na mBriathra in 2011 agus 2015



Maidir le ceartúsáid na réamhfhocal i ngné na ceapadóireachta, taispeánann Fíor 15 thíos gur mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir ‘Lag’ ó 9.27% in 2011 go 14.70% in 2015, agus gur mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir ‘An-mhaith’ ó 5.65% in 2011 go 10.16% in 2015. Nuair a chuirtear na catagóirí ‘Lag’ agus ‘Measartha’ le chéile, léiríonn na sonraí gur tharla laghdú idir 2011 agus 2015 (ó 62.09% go 60.98%). Nuair a chuirtear na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile, bhí méadú beag idir 2011 agus 2015 (37.91% go 38.92%).

Ar an iomlán, tugann na figiúirí le fios go raibh inniúlacht maidir le húsáid cheart na réamhfhocal i gcomhpháirt na ceapadóireachta sa scrúdú scríofa níos laige i gcoitinne in 2015 ná in 2011.


Fíor 15: Comparáid idir Cruinnúsáid na Réamhfhocal in 2011 agus 2015



Maidir le cruinneas na scoláirí san úsáid a bhain siad as an tuiséal ginideach i ngné na ceapadóireachta, taispeánann Fíor 16 thíos gur mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir ‘Lag’ idir 2011 agus 2015 ó 11.29% go 18.55%, agus gur mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir ‘An-mhaith’ ó 4.64% go 9.09%. Nuair a chuirtear na catagóirí ‘Lag’ agus ‘Measartha’ le chéile, léiríonn na sonraí laghdú beag idir 2011 agus 2015 (ó 65.93% go 63.82%). Nuair a chuirtear na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile, léiríonn na sonraí méadú idir 2011 agus 2015 (ó 34.08% go 36.18%).

Léiríonn na torthaí seo gur tharla an chuid is mó den ghluaiseacht idir ‘Measartha’ agus ‘Lag’ agus idir ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ freisin. Is cosúil go raibh scoláirí a bhí réasúnta cumasach cheana féin ag éirí níos cumasaí agus go raibh na scoláirí ar an imeall idir ‘Measartha’ agus ‘Lag’ ag titim isteach sa chatagóir ‘Lag’.


Fíor 16: Comparáid idir Cruinnúsáid an Tuisil Ghinidigh in 2011 agus 2015



I dtaca le cruinneas litrithe na scoláirí i ngné na ceapadóireachta, taispeánann Fíor 17 thíos gur ardaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir ‘Lag’ idir 2011 agus 2015 ó 11.69% go 13.87%, agus gur mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir ‘An-mhaith’ chomh maith ó 3.83% go 5.59%. Nuair a chuirtear na catagóirí ‘Lag’ agus ‘Measartha’ le chéile, léiríonn na sonraí laghdú beag idir 2011 agus 2015 ó 65.93% go 63.82%. Nuair a chuirtear na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile, léiríonn na sonraí méadú idir 2011 agus 2015 ó 40.73% go 45.59%.

Léiríonn na figiúirí nach raibh aon ghluaiseacht shuntasach idir 2011 agus 2015 seachas méadú beag sna huimhreacha sna catagóirí ‘Lag’ agus ‘An-mhaith’.


Fíor 17: Comparáid idir Cruinneas Litrithe in 2011 agus 2015



Maidir le cruinneas na scoláirí san úsáid a bhaineann siad as comhréir i ngné na ceapadóireachta, léirítear i bhFíor 18 thíos gur mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'Lag' idir 2011 agus 2015 ó 17.74% go 23.65%, agus gur mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' ó 11.09% go 13.90%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Lag' agus 'Measartha' le chéile, léiríonn na sonraí méadú idir 2011 agus 2015 ó 52.01% go 54.88%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, bhí laghdú ann ó 47.99% go 45.13%.

Léiríonn na figiúirí nach raibh aon difríocht mhór idir feidhmíocht scoláirí in 2011 agus 2015 seachas méadú beag sa chatagóir 'An-mhaith' agus méadú níos mó sa chatagóir 'Lag'.

Fíor 18: Comparáid idir Cruinneas Comhréire in 2011 agus 2015



Tuiscint ar na Ceisteanna sa Chluastuiscint


An raibh aon athrú ar thuiscint na scoláirí ar an ábhar sa chluastuiscint idir 2011 agus 2015 mar a fheictear i gcruinneas a bhfreagraí ar na ceisteanna a cuireadh?

Tagraíonn sé seo do chumas na scoláirí na freagraí cearta a thabhairt ar na ceisteanna a chuirtear sa scrúdú cluastuisceana. Tugann an líon iomlán freagraí cearta a leibhéal tuisceana ar an ábhar le fios. Léiríonn na torthaí go raibh an leibhéal tuisceana ar an ábhar cluastuisceana ard don dá bhliain, ach tugadh laghdú faoi deara in 2015.

Mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'Lag' ó 4.66% in 2011 go 13.87% in 2015, agus mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' de bheagán chomh maith ó 49.60% go 50.27%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Lag' agus 'Measartha' le chéile, léiríonn na sonraí méadú ó 24.09% in 2011 go 29.55% in 2015. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, léiríonn na sonraí go raibh laghdú ó 75.92% in 2011 go 70.45% in 2015.

Tugann na torthaí seo le fios gurbh é an t-athrú ba shuntasáí idir 2011 agus 2015 an méadú sa chéatadán sa chatagóir ‘Lag’ le laghdú comhfhreagrach sa chéatadán sna catagóirí ‘Measartha’ agus ‘Maith’.

Fíor 19: Comparáid idir Tuiscint ar Cheisteanna sa Chluastuiscint in 2011 agus 2015




Cáilíocht na bhFreagraí sa Scrúdú Cluastuisceana

An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 ar cháilíocht teanga fhreagraí na scoláirí ar na ceisteanna maidir le hábhar na cluastuisceana?

Tagraíonn cáilíocht na teanga sa scrúdú cluastuisceana do chruinneas na teanga a úsáideadh i bhfreagraí na scoláirí, agus b'éim ar leith ar bhriathra, réamhfhocail, tuiséal ginideach, agus comhréir. Bhí an treocht i roinn na ceapadóireachta, inar léiríodh méadú sa chéatadán scoláirí sa chatagóir ‘Lag’, soiléir sa scrúdú cluastuisceana chomh maith. Mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir ‘Lag’ idir 2011 agus 2015 ó 11.54% go 24.14%, agus laghdaigh an céatadán sa chatagóir ‘An-mhaith’ de bheagán ó 20.45% go 18.56%. Nuair a chuirtear na catagóirí ‘Lag’ agus ‘Measartha’ le chéile, léiríonn na sonraí méadú idir 2011 agus 2015 ó 46.76% in 2011 go 55.67% in 2015. Nuair a chuirtear na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile, léiríonn na sonraí laghdú idir 2011 agus 2015 (ó 53.24% go 44.33%). Tugann na torthaí sin le fios go raibh titim shuntasach i gcáilíocht teanga scoláirí i mír na cluastuisceana den scrúdú idir 2011 agus 2015.

Fíor 20: Comparáid idir Cáilíocht na Teanga sa Chluastuiscint in 2011 agus 2015



Cruinneas Litrithe na bhFreagraí sa Scrúdú Cluastuisceana


An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 ar chruinneas litrithe fhreagraí na scoláirí ar na ceisteanna cluastuisceana?

Tagraíonn cruinneas litrithe sa scrúdú cluastuisceana don chruinneas litrithe i bhfreagraí na scoláirí, agus béim ar leith ar litriú áitainmneacha. Léirigh an ghné seo den scrúdú feabhas beag sa chatagóir 'An-mhaith' idir 2011 agus 2015, cé go raibh céatadán na scoláirí sa chatagóir 'Lag' sa dá bhliain réasúnta ard agus gur mhéadaigh sé fiú in 2015.

Is fiú a thabhairt faoi deara, áfach, go raibh leibhéal an chruinnis litrithe ard i roinn na ceapadóireachta, agus go raibh sé níos ísle i roinn na cluastuisceana. Fáth amháin a d'fhéadadh a bheith leis sin gurb iondúil go mbíonn áitainmneacha i gceist sna freagraí ar na ceisteanna cluastuisceana, agus go mbíonn deacrachtaí ag mórán scoláirí iad a litriú i gceart.

Mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'Lag' idir 2011 agus 2015 ó 20.45% go 27.62%, agus mhéadaigh an céatadán sa chatagóir 'An-mhaith' chomh maith ó 7.49% go 12.27%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Lag' agus 'Measartha' le chéile, léiríonn na sonraí laghdú beag ó 61.54% in 2011 go 60.47% in 2015. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, léiríonn na sonraí méadú beag idir 2011 agus 2015 (38.46% v 39.53%).

Fíor 21: Comparáid idir Cruinneas Litrithe sa Chluastuisceint in 2011 agus 2015




Tuiscint ar Ábhar na Léamhthuisceana

An raibh aon athrú ar thuiscint na scoláirí ar an ábhar sa sliocht léamhthuisceana idir 2011 agus 2015 mar a léirítear i gcruinneas a bhfreagraí ar na ceisteanna sa roinn sin?

Tagraíonn sé seo do thuiscint na n-scoláirí ar an ábhar sa sliocht léamhthuisceana mar a léirítear i gcruinneas a bhfreagraí ar na ceisteanna sa roinn sin. Tháinig méadú suntasach ar an gcéatadán scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' idir 2011 agus 2015, cé gur laghdaigh an céatadán sna catagóirí eile ar fad. Laghdaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'Lag' ó 1.62% in 2011 go 0.72% in 2015, agus mhéadaigh an céatadán sa chatagóir 'An-mhaith' ó 56.97% go 84.68%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Lag' agus 'Measartha' le chéile, léiríonn na sonraí go raibh laghdú mór idir 2011 agus 2015 ó 14.55% go 3.78%.

Nuair a chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, léiríonn na sonraí méadú ó 85.45% in 2011 go 96.21% in 2015. Creideann na taighdeoirí go raibh an leibhéal céanna deacrachta ag baint leis na sleachta sa dá bhliain. Ach, b'éigean do na scoláirí in 2011 freagraí a thabhairt ina bhfocail féin agus b'fhéidir go raibh tionchar diúltach aige sin ar chruinneas a bhfreagraí, agus in 2015 bhí scoláirí in ann a bhfreagraí a chóipeáil go díreach ón téacs.

Fíor 22: Comparáid idir Tuiscint ar Cheisteanna ar an Léamhthuisceant in 2011 agus 2015



Cáilíocht na bhFreagraí ar na Ceisteanna Léamhthuisceana

An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 ar cháilíocht teanga na scoláirí nuair a tugadh freagraí ar na ceisteanna léamhthuisceana i bhfocail na scoláirí féin?


Tagraíonn sé seo do cháilíocht teanga na bhfreagraí a thug scoláirí ar cheisteanna ar an sliocht léamhthuisceana. Bhí ar scoláirí 2011 freagraí a thabhairt ina bhfocail féin agus gearradh pionós orthu mura ndearna siad é sin, ach in 2015 bhí scoláirí in ann a bhfreagraí a chóipeáil go díreach ón téacs gan aon phionós. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí na critéir chéanna a úsáid chun comparáid a dhéanamh idir cáilíocht teanga sa dá bhliain.

Mar sin féin, bhí ar scoláirí i scrúdú 2015 freagra 60 focal ina bhfocail féin a thabhairt ar cheist 6(b), agus úsáideadh an freagra sin chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht teanga na scoláirí i scrúdú 2015. Rinneadh measúnú ar cháilíocht teanga scoláirí 2011 ag tagairt do gach freagra aonair. Bhí méadú sa chéatadán scoláirí sa chatagóir 'Lag' idir 2011 agus 2015 ó 15.96% go 21.98%, agus mhéadaigh an céatadán sa chatagóir 'An-mhaith' ó 5.66% go 7.75%.

Nuair a rinneadh anailís ar chatagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, tugadh faoi deara go raibh titim ó 61.21% go 54.05%, agus mhéadaigh an céatadán sna catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile ó 38.79% in 2011 go 45.95% in 2015.

Léiríonn na torthaí gur thit líon i bhfad níos mó scoláirí isteach sa chatagóir 'Lag' in 2015 le hais 2011, cé gur mhéadaigh an líon scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' de bheagán chomh maith.

Fíor 23: Comparáid idir Cáilíocht na Teanga nuair a Thug Scoláirí Freagraí ina bhFocail Féin sa Léamhthuisceant in 2011 agus 2015




Cáilíocht na bhFreagraí ar an gCeist Litríochta

An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 ar cháilíocht teanga na bhfreagraí a thug na n-scoláirí ina bhfocail féin i roinn na litríochta?

Tagraíonn sé seo do cháilíocht teanga fhreagraí na scoláirí ar cheisteanna a bhain leis an gcomhpháirt litríochta. Tagraíonn sé go háirithe don leibhéal cruinnis a léirigh scoláirí san úsáid a bhain siad as briathra sa mhodh tascach agus sa mhodh coinníollach, an réamhfhocal ceart a úsáid roimh an ainmfhocal, ceartúsáid an tuisil ghinidigh, comhréir cheart, agus cruinneas litrithe.

Mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'Lag' idir 2011 agus 2015 ó 16.29% go 21.47%, agus mhéadaigh an céatadán sa chatagóir 'An-mhaith' ó 8.87% go 11.19%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Lag' agus 'Measartha' le chéile, léiríonn na sonraí laghdú beag idir 2011 agus 2015 ó 59.55% in 2011 go 58.53% in 2015. Nuair a dhéantar anailís ar na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, léiríonn na sonraí méadú beag ó 40.83% go 41.47%. Tugtar le fios sna torthaí nach raibh mórán difríochta i bhfeidhmíocht na scoláirí idir 2011 agus 2015.

Fíor 24: Comparáid idir Cáilíocht na Teanga sna Freagraí ar Cheisteanna Litríochta in 2011 agus 2015



Feidhmíocht Scoláirí i Scoileanna ina ndéantar an Teagasc trí Mheán na Gaeilge

An raibh aon athrú idir 2011 agus 2015 ar fheidhmíocht scoláirí i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge sa scrúdú scríofa?

Rinneadh comparáid idir feidhmíocht na scoláirí i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge i ngach comhpháirt den scrúdú scríofa thar 2011 agus 2015. Léiríonn na torthaí gur tháinig feabhas suntasach ar an láimhseáil a rinne na scoláirí ar thopaicí na haiste mar aon le cáilíocht na teanga a úsáideadh in 2015. Bhí an feabhas sin níos soiléire i ngnéithe áirithe cosúil le ceartúsáid réamhfhocail agus an tuisil ghinidigh.

Maidir leis an scrúdú cluastuisceana agus freagraí cearta a thabhairt, bhí méadú ar líon na scoláirí a bhí sa chatagóir 'An-mhaith' ó 73.15% in 2011 go 92.66% in 2015, cé gur tháinig meath beag ar cháilíocht na teanga sna freagraí (ó 37.96% go 33.49%). D'fheabhsaigh an cruinneas litrithe go suntasach agus mhéadaigh an céatadán sa chatagóir 'An-mhaith' ó 13.43% in 2011 go 27.98% in 2015. Ba léir chomh maith go raibh feabhas ar cháilíocht na teanga, go ginearálta, i roinn na litríochta idir 2011 agus 2015. Maidir le comhpháirt na léamhthuisceana, tháinig feabhas ar chumas scoláirí ceisteanna a fhreagairt i gceart agus tháinig feabhas chomh maith ar cháilíocht na bhfreagraí a thug na scoláirí ina bhfocail féin.

I ndáil le feidhmíocht scoláirí maidir le **láimhseáil thopaicí na n-aistí**, mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' go suntasach ó 35.48% in 2011 go 51.83% in 2015, agus thit an céatadán sa chatagóir 'Lag' ó 2.76% go .92%. Nuair a dhéantar anailís ar na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, léirítear méadú suntasach ó 72.81% go 84.86%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, léiríonn na sonraí laghdú suntasach ó 27.18% in 2011 go 15.14% in 2015.

Maidir le **ceartúsáid na mbriathra** ag scoláirí, thit an céatadán scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' ó 18.89% in 2011 go 16.59% in 2015, agus thit an céatadán sa chatagóir 'Lag' ó 10.14% go 7.83%. Má chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, léiríonn na sonraí go raibh méadú beag ann ó 52.99% go 60.37%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí laghdú ó 46.01% go 39.63%.

Maidir le **ceartúsáid réamhfhocail** ag scoláirí, mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' ó 6.45% in 2011 go 13.02% in 2015, agus thit an céatadán sa chatagóir 'Lag' ó 9.68% go 5.12%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, léiríonn na sonraí méadú ó 41.01% go 50.23%. Nuair a dhéantar anailís ar na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, léiríonn na sonraí laghdú ó 58.99% in 2011 go 49.77% in 2015.

Maidir le **ceartúsáid an tuisil ghinidigh** ag scoláirí, mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' go suntasach ó 5.07% go 11.16%, agus bhí laghdú beag sa chatagóir 'Lag' áit ar thit sé ó 11.98% in 2011 go 11.63% in 2015. Nuair a dhéantar anailís ar na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, bhí méadú ó 36.41% in 2011 go 45.11% in 2015. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, thit an líon scoláirí ó 63.59% in 2011 go 54.89% in 2015.

Ó thaobh **chruinneas litrithe** na scoláirí, mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' ó 4.15% go 7.34%, agus thit an céatadán sa chatagóir 'Lag' go suntasach ó 11.98% go 5.5%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, bhí méadú ó 42.40% in 2011 go 60.09% in 2015. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí laghdú ó 57.60% go 39.90%.

Maidir le **comhréir cheart** a bheith á húsáid ag scoláirí, mhéadaigh an céatadán sa chatagóir 'An-mhaith' ó 17.51% go 20.18%, agus thit an céatadán sa chatagóir 'Lag' go suntasach ó 16.59% in 2011 go 9.63% in 2015. Nuair a dhéantar anailís ar chatagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, léiríonn na sonraí méadú ó 54.38%

in 2011 go 61.01% in 2015. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí laghdú ó 45.62% in 2011 go 38.99% in 2015.

I dtéarmaí an **scrúdaithe cluastuisceana agus tuiscint scoláirí ar na ceisteanna**, mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' ó 73.15% in 2011 go 92.66% in 2015, agus thit an céatadán sa chatagóir 'Lag' ó 2.31% go 1.38%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, bhí laghdú ó 90.28% go 92.66% le feiceáil. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, léiríonn na sonraí laghdú ó 9.72% go 7.34%.

Maidir le **cáilíocht teanga** scoláirí, laghdaigh an céatadán sa chatagóir 'An-mhaith' ó 37.96% in 2011 go 33.49% in 2015, agus mhéadaigh an céatadán sa chatagóir 'Lag' ó 5.56% go 6.42%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, bhí laghdú idir 2011 agus 2015 ó 75.00% go 69.73%. Nuair a bhreathnaítear ar na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí méadú ó 25.00% go 30.27%.

I dtaca le **cruinneas litrithe** scoláirí, mhéadaigh an líon scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' ó 13.43% in 2011 go 27.98% in 2015, agus thit an céatadán sa chatagóir 'Lag' de bheagán ó 9.72% go 9.63%. Nuair a dhéantar anailís ar chatagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, bhí méadú ó 56.49% go 66.06%. Nuair a chuirtear catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí laghdú ó 43.52% go 33.94%.

I ndáil leis an **ngné léamhthuisceana agus tuiscint scoláirí ar na ceisteanna**, mhéadaigh an céatadán scoláirí sa chatagóir 'An-mhaith' ó 75.93% go 85.78%, agus thit an céatadán sa chatagóir 'Lag' de bheagán ó 0.93% go 0.00%. Má chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, feictear méadú ó 94.45% go 96.33%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí laghdú ó 5.56% go 3.67%.

Maidir le **cumas scoláirí freagraí a thabhairt ina bhfocail féin**, bhí méadú beag sa chatagóir 'An-mhaith' ó 28.11% in 2011 go 28.44% in 2015, agus bhí méadú beag sa chatagóir 'Lag' ó 6.91% go 7.34%. Má chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, feictear méadú ó 63.59% go 69.27%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí laghdú ó 36.40% go 30.73%.

Maidir le **cáilíocht na teanga a úsáideadh agus freagraí á dtabhairt ina bhfocail féin**, bhí méadú beag sa chatagóir 'An-mhaith' ó 9.26% in 2011 go 15.14% in 2015, agus bhí méadú sa chatagóir 'Lag' ó 12.96% go 13.76%. Má chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, feictear méadú ó 51.88% go 58.26%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí laghdú ó 48.15% go 41.74%.

I dtaca le **comhpháirt na litríochta agus cáilíocht na teanga a d'úsáid scoláirí**, bhí méadú sa chatagóir 'An-mhaith' ó 12.86% go 18.52%, agus bhí laghdú sa chatagóir 'Lag' ó 11.90% go 8.80%. Má chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, feictear méadú ó 51.43% go 57.87%. Nuair a dhéantar anailís ar na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí laghdú ó 48.57% go 42.13%.

TÁBLA 13: COMPARÁID IDIR FEIDHMÍOCHT SCOLÁIRÍ I SCOILEANNA INA NDÉANTAR AN TEAGASC TRÍ MHEÁN NA GAEILGE IN 2011 AGUS 2015 (SCRÚDÚ SCRÍOFA)

Comhpháirt an Scrúdaithe Scríofa	Catagóir	Scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge 2011	Scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge 2015
Aiste: Láimhseáil na Topaice	An-mhaith	35.48	51.83
	Go maith	37.33	33.03
	Measartha	24.42	14.22
	Lag	2.76	0.92
Aiste: Cruinneas Briathra	An-mhaith	18.89	16.59
	Go maith	34.10	43.78
	Measartha	36.87	31.80
	Lag	10.14	7.83
Aiste: Ceartúsáid Réamhfhocal	An-mhaith	6.45	13.02
	Go maith	34.56	37.21
	Measartha	49.31	44.65
	Lag	9.68	5.12
Aiste: Ceartúsáid an Tuisil Ghinidigh	An-mhaith	5.07	11.16
	Go maith	31.34	33.95
	Measartha	51.61	43.26
	Lag	11.98	11.63
Aiste: Cruinneas Litrithe	An-mhaith	4.15	7.34
	Go maith	38.25	52.75

	Measartha	45.62	34.40
	Lag	11.98	5.50
Aiste: Comhréir	An-mhaith	17.51	20.18
	Go maith	36.87	40.83
	Measartha	29.03	29.36
	Lag	16.59	9.63
Cluastuiscint: Tuiscint ar Cheisteanna	An-mhaith	73.15	81.65
	Go maith	17.13	11.01
	Measartha	7.41	5.96
	Lag	2.31	1.38
Cluastuiscint: Cáilíocht na Teanga	An-mhaith	37.96	33.49
	Go maith	37.04	36.24
	Measartha	19.44	23.85
	Lag	5.56	6.42
Cluastuiscint: Cruinneas Litrithe	An-mhaith	13.43	27.98
	Go maith	43.06	38.07
	Measartha	33.80	24.31
	Lag	9.72	9.63
Léamhthuiscint: Tuiscint ar Cheisteanna	An-mhaith	75.93	85.78
	Go maith	18.52	10.55
	Measartha	4.63	3.67
	Lag	0.93	0.00

Léamhthuisint: Freagra ina bhFocail Féin	An-mhaith	28.11	28.44
	Go maith	35.48	40.83
	Measartha	29.49	23.39
	Lag	6.91	7.34
Léamhthuisint: Cáilíocht na Teanga	An-mhaith	9.26	15.14
	Go maith	42.59	43.12
	Measartha	35.19	27.98
	Lag	12.96	13.76
Litríocht: Cáilíocht na Teanga	An-mhaith	12.86	18.52
	Go maith	38.57	39.35
	Measartha	36.67	33.33
	Lag	11.90	8.80

Feidhmíocht Scoláirí i Scoileanna ina ndéantar an Teagasc trí Mheán an Bhéarla

An raibh aon athrú ar fheidhmíocht scoláirí i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla sa scrúdú scríofa idir 2011 agus 2015?

I dtaca le **cumas scoláirí topaicí na haiste a láimhseáil**, bhí laghdú beag sa chatagóir 'An-mhaith' ó 36.92% go 36.50%, agus bhí méadú sa chatagóir 'Lag' ó 0.36% go 3.86%. Má chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, feictear laghdú ó 81.80% go 75.37%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí méadú ó 17.21% go 24.63%.

Sa ghné a bhain le **húsáid briathra ag scoláirí**, bhí laghdú sa chatagóir 'An-mhaith' ó 18.89% in 2011 go 14.24% in 2015, agus bhí méadú sa chatagóir 'Lag' ó 10.14% go 24.04%. Má chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, feictear laghdú ó 52.99% go 41.54%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí méadú ó 47.01% go 58.46%.

Ó thaobh **úsáid réamhfhocail** ag scoláirí, bhí méadú sa chatagóir 'An-mhaith' ó 5.02% go 8.33%, agus bhí méadú sa chatagóir 'Lag' ó 8.96% go 20.83%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, léiríonn na sonraí laghdú ó 35.49% go 31.84%. Nuair a bhreathnaítear ar chatagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí méadú ó 64.52% go 68.15%.

Maidir le **ceartúsáid an tuisil ghinidigh ag scoláirí**, bhí méadú sa chatagóir 'An-mhaith' ó 4.30% go 11.16%, agus bhí méadú sa chatagóir 'Lag' ó 10.75% go 11.63%. Má chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, feictear méadú ó 32.26% go 45.11%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí laghdú ó 67.74% go 54.89%.

Ó thaobh **litriú** na scoláirí, bhí méadú sa chatagóir 'An-mhaith' ó 3.58% go 4.45%, agus bhí méadú sa chatagóir 'Lag' ó 11.47% go 19.29%. Má chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, léirítear laghdú ó 39.42% go 36.20%. Má chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí méadú ó 60.57% go 63.80%.

Maidir le **ceartúsáid comhréire**, bhí méadú sa chatagóir 'An-mhaith' ó 6.09% go 9.82%, agus bhí méadú sa chatagóir 'Lag' ó 18.64% go 32.74%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, léiríonn na sonraí laghdú ó 43.01% go 34.82%. Nuair a bhreathnaítear ar na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí méadú ó 56.99% go 65.18%.

I dtéarmaí an **scrúdaithe cluastuisceana agus tuiscint scoláirí ar na ceisteanna**, bhí laghdú sa chatagóir 'An-mhaith' ó 31.29% go 29.97%, agus bhí méadú sa chatagóir 'Lag' ó 6.47% go 21.96%. Má chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, feictear laghdú ó 64.74% go 56.08%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí méadú ó 35.25% go 43.92%.

Maidir le **cáilíocht na teanga a d'úsáid scoláirí**, bhí méadú sa chatagóir 'An-mhaith' ó 6.83% go 8.90%, agus bhí méadú sa chatagóir 'Lag' ó 16.19% go 35.61%. Má chuirtear na catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, feictear laghdú ó 36.33% go 27.89%. Nuair a chuirtear na catagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí méadú ó 63.67% go 72.11%.

Maidir le **litriú** scoláirí, bhí titim bheag sa chatagóir 'An-mhaith' ó 2.88% go 2.08%, agus bhí méadú sa chatagóir 'Lag' ó 28.78% go 39.32%. Nuair a chuirtear catagóirí 'Maith' agus 'An-mhaith' le chéile, léiríonn na sonraí laghdú ó 24.46% go 22.32%. Nuair a bhreathnaítear ar chatagóirí 'Measartha' agus 'Lag' le chéile, bhí méadú ó 75.54% go 77.78%.

I ndáil leis an léamhthuiscint agus tuiscint na scoláirí ar na ceisteanna, bhí méadú mór sa chatagóir ‘An-mhaith’ ó 42.29% go 83.98%, agus bhí laghdú beag sa chatagóir ‘Lag’ ó 2.15% go 1.19%. Má chuirtear na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile, feictear méadú ó 78.49% go 96.15%. Nuair a chuirtear na catagóirí ‘Measartha’ agus ‘Lag’ le chéile, bhí laghdú mór ó 21.50% go 3.86%.

I dtéarmaí chumas na scoláirí freagraí a thabhairt ina bhfocail féin, bhí méadú sa chatagóir ‘An-mhaith’ ó 9.32% go 13.35%, agus bhí méadú sa chatagóir ‘Lag’ ó 12.54% go 21.66%. Má chuirtear na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile, feictear méadú beag ó 44.09% go 45.10%. Nuair a chuirtear na catagóirí ‘Measartha’ agus ‘Lag’ le chéile, bhí laghdú ó 55.91% go 54.91%.

Maidir le cáilíocht na teanga a d’úsáid scoláirí chun freagraí a thabhairt ina bhfocail féin, bhí méadú beag sa chatagóir ‘An-mhaith’ ó 2.87% go 2.97%, agus bhí méadú sa chatagóir ‘Lag’ ó 18.28% go 27.30%. Nuair a chuirtear na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile, léiríonn na sonraí méadú ó 28.68% go 37.98%. Nuair a dhéantar anailís ar na catagóirí ‘Measartha’ agus ‘Lag’ le chéile, bhí laghdú ó 71.33% go 62.02%.

I ndáil le comhpháirt na litríochta agus cáilíocht na teanga a d’úsáid scoláirí, bhí méadú beag sa chatagóir ‘An-mhaith’ ó 5.82% go 6.38%, agus bhí méadú sa chatagóir ‘Lag’ ó 19.64% go 29.79%. Má chuirtear na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile, feictear laghdú ó 32.73% go 30.70%. Nuair a chuirtear na catagóirí ‘Measartha’ agus ‘Lag’ le chéile, bhí méadú ó 67.28% go 69.30%.

TÁBLA 14: COMPARÁID IDIR FEIDHMÍOCHT SCOLÁIRÍ I SCOILEANNA INA NDÉANTAR AN TEAGASC TRÍ MHEÁN AN BHÉARLA IN 2011 AGUS 2015 (SCRÚDÚ SCRÍOFA)

Comhpháirt an Scrúdaithe Scríofa	Catagóir	Scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla 2011	Scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla 2015
Aiste: Láimhseáil na Topaice	An-mhaith	36.92	36.50
	Go maith	45.88	38.87
	Measartha	16.85	20.77
	Lag	.36	3.86
Aiste: Cruinneas Briathra	An-mhaith	18.89	14.24
	Go maith	34.10	27.30
	Measartha	36.87	34.42
	Lag	10.14	24.04
Aiste: Ceartúsáid Réamhfhocal	An-mhaith	5.02	8.33
	Go maith	30.47	23.51

	Measartha	55.56	47.32
	Lag	8.96	20.83
Aiste: Ceartúsáid an Tuisil Ghinidigh	An-mhaith	4.30	11.16
	Go maith	27.96	33.95
	Measartha	56.99	43.26
	Lag	10.75	11.63
Aiste: Cruinneas Litrithe	An-mhaith	3.58	4.45
	Go maith	35.84	31.75
	Measartha	49.10	44.51
	Lag	11.47	19.29
Aiste: Comhréir	An-mhaith	6.09	9.82
	Go maith	36.92	25.00
	Measartha	38.35	32.44
	Lag	18.64	32.74
Cluastuiscint: Tuiscint ar Cheisteanna	An-mhaith	31.29	29.97
	Go maith	33.45	26.11
	Measartha	28.78	21.96
	Lag	6.47	21.96
Cluastuiscint: Cáilíocht na Teanga	An-mhaith	6.83	8.90
	Go maith	29.50	18.99
	Measartha	47.48	36.50
	Lag	16.19	35.61
Cluastuiscint: Cruinneas Litrithe	An-mhaith	2.88	2.08
	Go maith	21.58	20.24
	Measartha	46.76	38.39

	Lag	28.78	39.29
Léamhthuisint: Tuisint ar Cheisteanna	An-mhaith	42.29	83.98
	Go maith	36.20	12.17
	Measartha	19.35	2.67
	Lag	2.15	1.19
Léamhthuisint:	An-mhaith	9.32	13.35
Freagra ina bhFocail Féin			
	Go maith	34.77	31.75
	Measartha	43.37	33.25
	Lag	12.54	21.66
Léamhthuisint:	An-mhaith	2.87	2.97
Cáilíocht na Teanga			
	Go maith	25.81	35.01
	Measartha	53.05	34.72
	Lag	18.28	27.30
Litríocht: Cáilíocht na Teanga	An-mhaith	5.82	6.38
	Go maith	26.91	24.32
	Measartha	47.64	39.51
	Lag	19.64	29.79

Focal Scoir

An Bhéaltriall

- Tugann torthaí na hanailíse le fios gur tháinig feabhas foriomlán ar **inniúlacht léitheoireachta** scoláirí idir 2011 agus 2015 (féach Fíor 3 agus Fíor 4). Nuair a dhéantar cohórt na scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge a scaradh ó chohórt na scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla, is léir gur mó atá an feabhas seo le feiceáil sa dara cohórt. Ba cheart roinnt tosca a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an toradh sin a chur san áireamh, áfach. Ar an gcéad dul síos, bhí céatadán ard (82.69%) scoláirí ó scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge sa chatagóir ‘An-mhaith’ cheana féin, agus bhí céatadán na scoláirí ó scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla (54.97%) a bhí sa chatagóir ‘An-mhaith’ níos ísle. Dá bhrí sin, ba mhó go mór an deis chun feabhais a bhí sa chohórt ó scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla. Ar an dara dul síos, bhí difríocht idir na riachtanais léitheoireachta i scrúduithe 2011 agus 2015.
- Bhí **tuisceint scoláirí ar cheisteanna** (ar an ngarthimpeallacht agus ar an timpeallacht sheachtrach) mórán mar an gcéanna in 2011 agus 2015 (féach Fíor 5 & Fíor 6).
- Tugann na torthaí le fios gur tháinig méadú foriomlán ar an **raon foclóra** a d’úsáid scoláirí idir 2011 agus 2015. Bhí méadú níos mó sa chatagóir ‘An-mhaith’ sa chohórt a tháinig ó scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge (63.46% v 73.22%) (féach Tábla 11) i gcomparáid le scoláirí a tháinig ó scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla (21.64% v 26.79%) (féach Tábla 12). Mar sin féin, nuair a chuirtear na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile do na scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge ní raibh ach ardú an-bheag (0.23%) i gceist. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, go raibh an céatadán sna catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile i gcás na scoileanna sin an-ard ar aon nós in 2011 (97.69%). Tá an t-ardú 8.80% a tháinig ar na catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ le chéile níos suntasaí sna scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla. Ba chóir a mheabhú mar sin féin go raibh an céatadán sna catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-Mhaith’ le chéile i bhfad níos ísle (53.40%) sna scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla. Bhain na taighdeoirí de thátal as go bhfuil baint ag an mbéaltriall a bheith ina scrúdú comónta do scoláirí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil leis na torthaí sin.
- Léiríonn na torthaí go raibh leibhéal íseal inniúlachta maidir le **húsáid frásaí/nathanna cainte** thar an dá bhliain agus i ngach cineál scoile (féach Fíor 8). Tháinig laghdú suntasach ar fheidhmíocht scoláirí ó scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge sa ghné seo. Taispeánann na torthaí gur thit an céatadán sna catagóirí ‘An-mhaith’, ‘Maith’, agus ‘Measartha’ agus gur tháinig ardú suntasach (30.84%) ar líon na scoláirí sa chatagóir ‘Lag’ in 2015.

Sna scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla tháinig feabhas ar fheidhmíocht na scoláirí i ngach catagóir i dtaca le húsáid frásaí/nathanna cainte (féach Tábla 12). Bhí feabhas 6.83% sa chatagóir ‘An-mhaith’, feabhas 4.15% sa chatagóir ‘Maith’, feabhas 2.76% sa chatagóir ‘Measartha’ agus laghdú 9.13% sa chatagóir ‘Lag’. Mar sin féin, ní mór a mheabhú go bhfuil feidhmíocht scoláirí i gcoitinne an-lag fós, ainneoin an fheabhais. Is féidir a bhaint de thátal as na torthaí sin nach bhfuil scoláirí ag díriú ar an ghné seo de shealbhú teanga agus iad ag ullmhú don bhéaltriall.

- Bhí feabhas beag san fheidhmíocht foriomlán i ndáil le **húsáid briathra sa Mhodh Táscach** idir 2011 agus 2015 i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge chomh maith leo siúd ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla. Thabharfadh sé seo le fios gur caitheadh níos mó ama ag réiteach topaicí don Scrúdú Béil in 2015. Ach, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an feabhas níos suntasaí sa chohórt ó scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge sa chatagóir ‘An-mhaith’ (74.63% v 81.17%) i gcomparáid le 32.11% v 36.04% sa chatagóir ‘An-mhaith’ sa chohórt ó scoileanna ina ndéantar

an teagasc trí mheán an Bhéarla (féach Tábla 11 agus Tábla 12). Ardaíonn sé seo ceist thábhachtach maidir leis an mbéaltriail a bheith ina scrúdú comónta do scoláirí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil. Ba chóir tuilleadh iniúchta a dhéanamh air seo.

- Taispeánann na torthaí gur tháinig laghdú, idir 2011 agus 2015, ar an úsáid a bhain scoláirí **as an Modh Coinníollach** i ngach cohórt. Bhí an laghdú seo níos suntasaí i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge sa chatagóir ‘Lag’, áit ar mhéadaigh an céatadán sa chatagóir sin ó 50.38% go 75.31% (féach Tábla 11 agus Tábla 12). Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, gur thug na taighdeoirí faoi deara nár bhraith scrúdaitheoirí in 2015 an oiread ar na ceisteanna caighdeánacha a cuireadh go minic in 2011 cosúil le ‘Céard a dhéanfa dá mbeifeá i do Phríomhoide, i do Thaoiseach?’ Thug ceisteanna den chineál sin níos mó deiseanna do scoláirí in 2011 a n-inniúlacht a léiriú sa réimse seo trí fhreagraí a raibh cleachtadh déanta acu orthu a úsáid ar cheisteanna intuatha. Bhí an clonadh ag scrúdaitheoirí in 2015 an modh coinníollach a fhí isteach sa chomhrá ar bhealach níos nádúrtha. Bhain na taighdeoirí de thátal as na torthaí go bhféadfadh sé go léiríonn feidhmíocht scoláirí in 2015 fíorinniúlacht i dtaca le húsáid an mhodha choinníollaigh.
- Tugann na torthaí le fios go raibh **úsáid na claoninsinte** níos laige in 2015 i gcomparáid le 2011 (féach Fíor 11). Bhí an laige sin níos suntasaí i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge (féach Tábla 11 agus Tábla 12). Tháinig méadú 27.59% ar líon na scoláirí ó na scoileanna sin a bhí sa chatagóir ‘Lag’ idir 2011 agus 2015 (23.46% v 51.05%). Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, go raibh an céatadán scoláirí ó scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla in 2011 a thit isteach sa chatagóir ‘Lag’ an-ard ag 80.63% i gcomparáid le 23.46% i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge.
- Bhí feabhas suntasach sa Chruinneas Gramadaí i dtaca le h-ainmfhocail, forainmneacha, réamhfhocail, forainmneacha réamhfhoclacha, aidiachtaí etc sa dá chohórt. Bhí an feabhas sin níos airde sa chohórt ó scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge, áfach, (féach Tábla 11 agus Tábla 12). D’fhéadfaí a bhaint de thátal as an toradh sin go bhfuil níos mó ama á chaitheamh ar na gnéithe sin den d’fhoghlaim na teanga.
- Níor tugadh aon athrú suntasach faoi deara i leibhéal na **spontáineachta sa chomhrá ginearálta** idir 2011 agus 2015 (féach Fíor 2 agus Aguisín 6). Léirigh scoláirí sna catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’ leibhéal ard spontáineachta sna freagraí cuí a thug siad láithreach ar raon leathan ceisteanna ar ábhair iomadúla le linn an chomhrá. Léirigh scoláirí sa chatagóir ‘Measartha’ spontáineacht go minic sna freagraí cuí a thug siad láithreach ar cheisteanna. Ba mhinic, áfach, a bhí na freagraí a thug scoláirí sa chatagóir ‘Lag’ stadach, ciotach agus gan aon spontáineacht ag baint leo.
- Léirítear san anailís ar **inscne** gur scórail scoláirí baineanna níos airde ná scoláirí fireanna, agus go raibh an ráta athraithe idir 2011 agus 2015 mórán mar an gcéanna thar an dá inscne (féach Tábla 10).
- Rinneadh anailís ar chomhpháirt na sraitheanna pictiúr in 2015 agus thug na taighdeoirí roinnt nithe faoi deara. Tugadh faoi deara go raibh difríochtaí idir an leibhéal castachta agus dúshláin a bhain leis na sraitheanna pictiúr éagsúla. Bhí difríochtaí suntasacha idir líon na mbolgán cainte ó shraith go sraith. Cruthaíonn an chaint sna bolgáin deacrachtaí d’fhorhmór na scoláirí ach go háirithe do scoláirí atá Lag nó Measartha. Thug na taighdeoirí faoi deara an chaoi a gcuireann an chomhpháirt nua seo den bhéaltriail isteach ar an méid ama atá ar fáil don chomhrá ginearálta. Bhí na taighdeoirí den tuairim go n-ardaíonn an modh measúnaithe don tsraith pictiúr ceisteanna tábhachtacha maidir le hoiriúnacht an mhodha sin chun na haidhmeanna a bhain leis an tsraith pictiúr a thabhairt isteach i dtús báire a bhaint amach. Is ceisteanna tábhachtacha iad sin agus b’fhiú tuilleadh iniúchta a dhéanamh orthu.
- Rinneadh anailís chodarsnach idir feidhmíocht scoláirí i ngnéithe den tsraith pictiúr agus feidhmíocht scoláirí sna gnéithe céanna den chomhrá ginearálta in 2015 (féach Aguisín 10).

- Thug na taighdeoirí faoi deara gur cuireadh dhá chomhpháirt bhreise, an Fáiltiú agus an tSraith Pictiúr, leis an léitheoireacht agus leis an gcomhrá ginearálta agus go raibh siad mar chuid shuntasach den bhéaltrial in 2015 ach nár cuireadh aon am breise ar fáil don bhéaltrial ina hiomláine. Is ceist thábhachtach í seo ar chóir iniúchadh a dhéanamh uirthi má tá na haidhmeanna a bhí leis na hathruithe a thabhairt isteach agus a léiríodh i gcuid a haon den tuarascáil seo – **‘go gcuirfí béim níos mó ar labhairt na Gaeilge agus ar an teanga a úsáid mar áis chumarsáide’** – le baint amach.

An Scrúdú Scríofa

- Léirítear sna torthaí gur fearr a bhí scoláirí i gcoitinne in ann **topaicí na haiste** a láimhseáil in 2015 i gcomparáid le 2011. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go raibh raon topaicí níos leithne agus níos intuatha ar fáil do scoláirí 2015. Bhí an feabhas is suntasaí le feiceáil sa chatagóir ‘An-mhaith’ agus bhí sé níos infheicthe i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge ná i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla.
- Tugann na torthaí le fios go raibh méadú sa chéatadán scoláirí sna catagóirí ‘Lag’ agus ‘An-mhaith’ sna gnéithe éagsúla de **cháilíocht na teanga** a ndearnadh measúnú orthu sa cheapadóireacht. Bhí an méadú níos infheicthe, áfach, sa chatagóir ‘Lag’ i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla. Ba léir do na taighdeoirí go bhfuil eolas scoláirí ar an ngramadach lag i gcoitinne i ngach cineál scoile, agus go háirithe i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla, agus nár athraigh an siollabas athbhreithnithe an treocht sin, go háirithe i measc na scoláirí is laige. Go deimhin, ba léir do na taighdeoirí nach ndearna mórán scoláirí in 2015 iarracht ar bith na ceisteanna gramadaí sa chomhpháirt léamhthuisceana a fhreagairt agus, nuair a rinne siad iarracht, tugadh freagraí míchearta go minic. Ba léir do na taighdeoirí chomh maith gur tháinig tuilleadh feabhais ar scoláirí a raibh tuiscint réasúnta maith acu ar rialacha gramadaí cheana féin, i bhfianaise líon na scoláirí a bhog ón gcatagóir ‘Maith’ go ‘An-mhaith’.
- Léiríonn na torthaí i ndáil le **comhpháirt na litríochta** patrún atá ar aon dul leis an gceann a léiríodh i gcomhpháirt na ceapadóireachta thuas, is é sin méadú sa chéatadán scoláirí sna catagóirí ‘Lag’ agus ‘An-mhaith’ araon. Thug na taighdeoirí faoi deara gur léir gur chum mórán scoláirí sna catagóirí ‘Maith’ agus ‘An-mhaith’, aistí a raibh ullmhúchán maith déanta acu dóibh agus gur úsáideadh teanga d’ardchaighdeán. Bhí an t-ardchaighdeán teanga soiléir ina bhfreagraí ar na ceisteanna litríochta chomh maith, áit nach mbeadh na ceisteanna chomh hintuatha céanna agus áit a mbeadh sé níos deacra ag scoláirí a n-easpa cruinnis maidir leis an ngramadach a cheilt.
- I **gcomhpháirt na cluastuisceana**, is cosúil gur tháinig lagú ar chumas scoláirí freagraí cearta a thabhairt in 2015, mar aon le cáilíocht na teanga a úsáideadh. Tá an meathlú seo i bhfad níos suntasaí i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla, áfach. Lean sé seo an treocht a bhí soiléir i gcáilíocht na teanga a léiríodh i roinn na Ceapadóireachta i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, gur laghdaíodh an líon marcanna a leithdháileadh don roinn cluastuisceana ó 100 go 60. D’fhéadfadh sé nár caitheadh an oiread céanna ama sa rang ag plé le gné na cluastuisceana den churaclam agus a chaití roimhe seo, mar gheall ar an laghdú sna marcanna.
- Léiríonn na torthaí gur tháinig feabhas ar chumas scoláirí ceisteanna a fhreagairt i gceart i **gcomhpháirt na léamhthuisceana**. Níor ghá do scoláirí freagraí a thabhairt ina bhfocail féin in 2015 agus d’fhéadfadh sé seo bheith mar chúis leis an bhfeabhas. Mhéadaigh an líon marcanna a

leithdháileadh don roinn seo ó 75 go 100, agus d'fhéadfadh sé freisin gur caitheadh níos mó ama sa rang ar an roinn seo den scrúdú.

- Ní fhéadfaí aon chomparáid bhríoch a dhéanamh idir feidhmíocht scoláirí i ngnéithe labhartha agus scríofa an scrúdaithe mar nár bhain an t-ábhar scríofa a bhí ar fáil do na taighdeoirí ach leis an Ardleibhéal amháin. Bhain an t-ábhar a bhí ar fáil do chomhpháirt na Béaltrialach leis an Ardleibhéal agus leis an nGnáthleibhéal araon. De bhrí gur scrúdú comónta atá sa Bhéaltrial, ní fhéadfadh na taighdeoirí idirdhealú a dhéanamh idir scoláirí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil i gcomhpháirt na béaltrialach.

Na Teorainneacha atá leis An Staidéar Taighde Seo

- Déantar comparáid sa staidéar seo idir feidhmíocht scoláirí in 2011 (roimh an athrú ar an siollabas) agus feidhmíocht scoláirí i mbliain amháin eile tar éis don athrú ar an siollabas a bheith curtha i bhfeidhm (2015). Cuireann sé sin srian le bailíocht staitistiúil na dtorthaí maidir le treocht a shainaithint, mar go bhféadfadh tosca eile seachas an t-athrú ar an siollabas tionchar a bheith acu ar fheidhmíocht scoláirí in aon scoil faoi leith i mbliain ar bith.
- Tá méid an tsampla (1000 scoláire do gach bliain) réasúnta beag i gcomparáid le cohórt iomlán na scoláirí (breis agus 40,000) a dhéanann Scrúdú Gaeilge na hArdeistiméireachta ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal gach bliain.
- Mar gheall ar dheacrachtaí a bhain le sonraí a bheith ar fáil ní rabhthas in ann staidéar sonracha a dhéanamh ar riachtanais an chainteora dúchais.

Réimsí i gcomhair Tuilleadh Imscrúdaithe agus Taighde

- Ní léir go bhfreastalaíonn an bhéaltrial chomónta ar riachtanais na scoláirí ar fad a dhéanann Scrúdú Gaeilge na hArdeistiméireachta ag an nGnáthleibhéal agus ag an Arleibhéal. Taispeánann roinnt mhaith scoláirí leibhéal inniúlachta atá ard go maith maidir lena gcumas i labhairt na Gaeilge faoi mar a léirítear sa bhéaltrial é. Tá sé de chumas ag cuid mhaith de na scoláirí sin, go háirithe cainteoirí dúchais, scoláirí ó scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán na Gaeilge agus na scoláirí is inniúla sa Ghaeilge ó scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcumas maidir leis an nGaeilge labhartha agus ní léir gur aon dúshlán dóibh an bhéaltrial chomónta faoi mar atá sí faoi láthair. Ar an láimh eile, tá cohórt scoláirí ann nach bhfeidhmíonn go maith sa bhéaltrial chomónta ar chúiseanna éagsúla. D'fhéadfadh tionchar diúltach amach is amach a bheith ag an mbéaltrial Ghaeilge ar scoláirí den sórt sin. Tá na taighdeoirí den tuairim gur chóir tuilleadh iniúchta agus taighde a dhéanamh ar an gceist sin.
- Is gá tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar úsáid na sraitheanna pictiúr mar uirlis chun idirghníomhaíocht i dtaca leis an teanga labhartha a scrúdú. Tá deacrachtaí ag mórán de na scoláirí is laige leis an ngné sin den bhéaltrial, go háirithe na bolgáin chainte. Ba chóir go ndéanfaí athbhreithniú ar an bpróiseas trína roghnaítear na sraitheanna pictiúr chun go mbeadh comhsheasmhacht níos fearr idir na leibhéil dúshláin agus chastachta a bhaineann leis na sraitheanna pictiúr éagsúla. Léiríonn an fhianaise nach bhfuil an modh measúnaithe atá i bhfeidhm faoi láthair maidir leis an tsraith pictiúr ag cur feabhas suntasach ar scileanna cumarsáide ná ar líofacht na scoláirí. Ba chóir tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar úsáid na sraitheanna pictiúr mar uirlis oideolaíocha mar nach léir go bhfuil aon aistriú idir sealbhú teanga sna sraitheanna pictiúr agus chomhpháirt an chomhrá ghinearálta den bhéaltrial. Moltar sa tuarascáil seo tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar mhodh measúnaithe difriúil, ina mbeadh níos mó

idirghníomhaíochta idir an scoláire agus an scrúdaitheoir. Bheadh impleachtaí i gceist ansin do na modhanna múinte agus ullmhúcháin a bheadh oiriúnach d'aon mhodh measúnaithe nua.

- Ba chóir an méid ama (15 nóiméad) a cheadaítear don bhéaltrial faoi láthair a bhreithniú chun an dá chomhpháirt bhreise, an Fáiltiú agus go háirithe an tSraith Pictiúr, a chur san áireamh. Léiríonn an fhianaise go bhfuil an claonadh ann go gcuireann an t-am a chaitear ar an tsraith pictiúr isteach ar an am a bhíonn ar fáil don chomhrá ginearálta agus mar thoradh air sin go dtagann laghdú ar raon na dtopaicí a ndéantar plé orthu chomh maith le laghdú ar an méid ama a chaitear ar gach topaic. Ag an am céanna, is eol do na taighdeoirí go bhféadfadh impleachtaí lóistíochtúla agus eile a bheith i gceist ó thaobh reáchtáil na Scrúduithe Stáit de, dá gcuirfí síneadh leis an am atá ar fáil don bhéaltrial Ghaeilge.
- Léiríonn na torthaí go bhfuil laghdú tagtha ar cháilíocht teanga scríofa (cruinneas gramadaí) scoláirí, i scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla agus níos mó de na scoláirí sin ag titim isteach sa chatagóir 'lag' in 2015. Tharla sé sin ainneoin go bhfuil comhpháirt ghramadaí níos foirmiúla san áireamh sa churaclam leasaithe i roinn na léamhthuisceana ar an bPáipéar Ardleibhéil. Bíonn ar scoláirí Ardleibhéil ceisteanna foirmiúla a fhreagairt anois ar an bpáipéar scríofa. Mar sin féin, is léir nach raibh aon tionchar dearfach ag an riachtanas seo i dtaca le cumas scoláirí ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla bunrialacha Ghramadach na Gaeilge a fheidhmiú. Ba chóir tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an titim sin agus gníomhaíocht feabhais chuí a shainaithint.

Aguisíní

Baineann na haguísíní seo a leanas leis an taighde a rinneadh.

Aguisín 1: Teimpléad Scórála don Bhéaltriall 2011

Uimhir na Scoile	Uimhir Aitheantais an Scoláire		Fireann/Baineann	
Cineál Scoile	Scoileanna ina ndéantar an Teagasc Trí Mheán na Gaeilge/ Scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla/ DEIS / Scoileanna in n-íoctar táillí/ Meánscoil /Pobalscoil/Gairmscoil/Scoil Chuimsitheach			
Suíomh na Scoile	Cúige Uladh/Cúige Chonnacht/Cúige Mumhan/Cúige Laighean (Iasmuigh de Bhaile Átha Cliath)/ Baile Átha Cliath			
Léamh an Phróis/ Leibhéal	Lag 1	Measartha 2	Maith 3	An-Mhaith 4
Bhí foghraíocht agus rithim léamh próis an iarrthóra.....				
Comhrá Ginearálta/ Leibhéal	Lag 1	Measartha 2	Maith 3	An-Mhaith 4
Tuiscint: Bhí tuiscint an iarrthóra ar thopaicí na garthimpeallachta				
Tuiscint: Bhí tuiscint an scoláire ar thopaicí an tsiollabais Iasmuigh den gharthimpeallacht				
Saibhreas Foclóra: Bhí saibhreas an fhoclóra a d'úsáid an t-iarrthóir le linn an chomhrá.....				
Saibhreas Foclóra: Bhí an raon frásaí/nathanna cainte a d’úsáid an t-iarrthóir le linn an chomhrá.....				
Cruinneas Gramadaí/ Leibhéal	Lag 1	Measartha 2	Maith 3	An-Mhaith 4
Bhí cruinneas na mbriathra sna bunaimsirí....				

Bhí an úsáid a bhain an scoláire as an Modh Coinníollach nuair ba chúí sin.....				
Bhí máistreacht an scoláire ar na príomhghnéithe eile de Ghramadach na Gaeilge faoi mar a léiríodh sa chomhrá í.....				
Gnéithe suntasacha eile de chumas an iarrthóra sa chomhrá	BHÍ		NÍ RAIBH	
Bhí raon leathan topaicí á gclúdach sa chomhrá ginearálta				
Bhí spontáineacht ag baint le comhrá an scoláire				

Aguisín 2: Teimpléad Scórála don Bhéaltriall 2015

Uimhir na Scoile	Uimhir Aitheantais an Scoláire		Fireann/Baineann	
Cineál Scoile	Scoileanna ina ndéantar an Teagasc Trí Mheán na Gaeilge/ Scoileanna ina ndéantar an teagasc trí mheán an Bhéarla/ DEIS / Scoileanna in n-íoctar táillí/ Meánscoil /Pobalscoil/Gairmscoil/Scoil Chuimsitheach			
Suíomh na Scoile	Cúige Uladh/Cúige Chonnacht/Cúige Mumhan/Cúige Laighean (Iasmuigh de Bhaile Átha Cliath)/ Baile Átha Cliath			
Léamh Filíochta/ Leibhéal	Lag 1	Measartha 2	Maith 3	An-Mhaith 4
Bhí foghraíocht agus rithim léamh filíochta an scoláire.....				
Sraith Pictiúr/ Leibhéal	Lag 1	Measartha 2	Maith 3	An-Mhaith 4
Tuiscint: Bhí tuiscint an scoláire ar a raibh sna pictiúir.....				
Tuiscint: Bhí tuiscint an scoláire ar na leidí éagsúla sna bolgoidí cainte.....				
Cur síos ar na pictiúir: Bhí cumas an scoláire cur síos a dhéanamh ar a raibh sna pictiúir....				
Saibhreas Foclóra: Bhí fairsinge fhoclóir an scoláire ag cur síos ar na himeachtaí sna pictiúir..				
Saibhreas Foclóra: Bhí an úsáid a bhain an scoláire as frásaí/nathanna cainte a bhí oiriúnach don scéal.....				
Cruinneas Gramadaí/ Leibhéal	Lag 1	Measartha 2	Maith 3	An-Mhaith 4
Bhí an úsáid a bhain an scoláire as na bunaimsirí.....				
Bhí an úsáid a bhain an scoláire as an modh coinníollach.....				
Bhí an úsáid a bhain an scoláire as an gcaint indíreach.....				

Bhí cumas an scoláire ceisteanna a chur bunaithe ar na himeachtaí sna pictiúir.....				
Bhí cumas an scoláire ceisteanna a fhreagairt bunaithe ar na himeachtaí sna pictiúir.....				
Gnéithe suntasacha eile d'fheidhmíocht an scoláire sa chuid den scrúdú a bhain leis an tsraith pictiúr (cuir tic sa bhosca cuí)	BHÍ		NÍ RAIBH	
Bhí an scoláire ag brath ar cheisteanna simplí a chur				
Bhí an scoláire ábalta ceisteanna dúshlánacha a chur go cruinn				
Bhí an scoláire ábalta na bolgoidí cainte a aistriú go caint indíreach				
An aimsir chaite den chuid ba mhó a d'úsáid an t-iarrthóir don chur síos ar na pictiúir				
Comhrá Ginearálta/ Leibhéal	Lag 1	Measartha 2	Maith 3	An-Mhaith 4
Tuiscint: Bhí tuiscint an scoláire thopaicí na garthimpeallachta				
Tuiscint: Bhí tuiscint an scoláire ar thopaicí an tsiollabais lasmuigh den gharthimpeallacht				
Saibhreas Foclóra: Bhí saibhreas an fhoclóra a d'úsáid an scoláire le linn an chomhrá... ...				
Saibhreas Foclóra: Bhí an raon frásaí/nathanna cainte a d'úsáid an t-iarrthóir le linn an chomhrá.....				
Cruinneas Gramadaí/ Leibhéal	Lag 1	Measartha 2	Maith 3	An-Mhaith 4
Bhí cruinneas na mbriathra sna bunaimsirí.....				
Bhí an úsáid a bhain an scoláire as an Modh Coinníollach nuair ba chuí sin.....				

Bhí máistreacht an scoláire ar na príomhghnéithe eile de Ghramadach na Gaeilge faoi mar a léiríodh sa chomhrá í.....				
Bhí an úsáid a bhain an t-iarrthóir as an gcaint indíreach.....				
Gnéithe suntasacha eile a thug tú faoi deara le linn an chomhrá ghinearálta. Cuir tic le bhí nó ní raibh.	BHÍ		NÍ RAIBH	
Bhí raon leathan topaicí á gclúdach sa chomhrá ginearálta.				
Bhí spontáineacht ag baint le comhrá an iarrthóra.				

Aguisín 3: Tuairiscíní do Theimpléid Scórála na Béaltrialach

Catagóir Lag: 0% - 39%

Nuair is léir ó iarracht an scoláire go bhfuil sé/sí teoranta ó thaobh foclóra de agus nach bhfuil tuiscint aige/aici ach ar cheisteanna simplí bunúsacha, gur gá don scrúdaitheoir an cheist a chur cúpla uair nó an cheist a chur ar bhealach difriúil / gur gá eochairfhocail nó leide/spreagadh a thabhairt an-mhinic chun freagra a mhealladh, go bhfuil an chaint stadach briste gan aon leanúnachas, go bhfuil an ghramadach míchruinn formhór an ama, go bhfuil an comhrá teoranta agus bunaithe ar chúpla topaic a bhaineann le garthimpeallacht an scoláire.

Catagóir Measartha: 40% - 59%

Nuair is léir ó iarracht an scoláire go bhfuil foclóir réasúnta fairsing agus oiriúnach aige /aici a chuireann ar a c(h)umas a c(h)uid tuairimí a chuir in iúl réasúnta maith, go bhfuil an scoláire ábalta freagraí oiriúnacha a thabhairt réasúnta minic ar cheisteanna agus ar ionchur an scrúdaitheora, go bhfuil sé/sí ábalta comhrá réasúnta a choinneáil ag imeacht bunaithe go príomha ar thopaicí a g(h)arthimpeallachta, go bhfuil an chaint réasúnta saoráideach gan a bheith róstadach ná róbhriste, go bhfuil máistreacht réasúnta ar cheartúsáid na mbriathra sna bunaimsirí, go bhfuil máistreacht réasúnta léirithe ar phríomhghnéithe na gramadaí maidir le hainmfhocail, forainmneacha, réamhfhocail, forainmneacha réamhfhoclacha agus aidiachtaí mórán den am.

Catagóir Maith: 60% - 79%

Nuair is léir ó iarracht an scoláire go bhfuil foclóir fairsing saibhir cruinn aige/aici a chuireann ar a c(h)umas raon leathan ceisteanna a thuiscint bunaithe ar raon leathan topaicí, go bhfuil ar chumas an scoláire ceisteanna agus ionchur an scrúdaitheora a fhreagairt go cruinn gan aon stró formhór an ama, go bhfuil an scoláire ábalta é/í féin a chuir in iúl go saoráideach nádúrtha den chuid is mó, ábalta a c(h) tuairimí faoi raon leathan topaicí a nochtadh agus a chur in iúl an chuid is mó den am. Nuair a léiríonn an dalta go bhfuil máistreacht mhaith aige/aici ar cheartúsáid na mbriathra sna bunaimsirí an chuid is mó den am agus go léiríonn an dalta cruinnúsáid phríomhghnéithe na teanga formhór an ama.

Catagóir An-Mhaith : 80% - 100%

Nuair is léir ó iarracht an scoláire go bhfuil foclóir an-fhairsing an-saibhir aige/aici, go bhfuil freagraí an scoláire an-oiriúnach i gcónaí do na topaicí a bhíonn faoi chaibidil, go bhfuil freagraí an scoláire saoráideach agus nádúrtha beagnach i gcónaí, go bhfuil an scoláire ábalta tuairimí a nochtadh agus a chur in iúl go nádúrtha gan aon stró bunaithe ar thopaicí óna g(h)arthimpeallacht agus óna c(h)hiantimpeallacht an t-am go léir beagnach. Nuair a léiríonn an scoláire go bhfuil máistreacht an-mhaith aige/aici ar chruinnúsáid na mbriathra sna haimsirí éagsúla i rith an chomhrá an t-am go léir beagnach, go léiríonn an scoláire go bhfuil úsáid phríomhghnéithe ghramadach na Gaeilge an-chruinn aige/aici beagnach i gcónaí.

Aguisín 4: Na Béaltrialacha Gaeilge ó 2012 ar aghaidh (Tuairiscíní CSS)

1.4. Marcáil na Béaltrialach

(a) Fáiltiú: 5 mharc ar 5 phíosa eolais;

(b) Aithris na filíochta: 35 marc.

An Trian Uachtair: larracht an iarrthóra sa réimse **an-mhaith** go dtí **sármhaith** ó thaobh rithime agus foghraíochta agus sothuigtheachta de, marc cuí idir 24 agus 35.

An Trian Láir: larracht an iarrthóra sa réimse **measartha** go dtí **maith** ó thaobh rithime agus foghraíochta agus sothuigtheachta de, marc cuí idir 14 agus 23.

An Trian Íochtair: larracht an iarrthóra sa réimse **an-lag** go dtí **lag** ó thaobh rithime agus foghraíochta agus sothuigtheachta de, marc cuí idir 0 agus 13.

Tábla 2		
Grád	Aicme	Marc
A	Sármhaith	29-35
B	An-mhaith	24-28
C	Maith	19-23
D	Measartha	14-18
E	Lag	9-13
F	An-lag	0-8

(c) Cur síos ar shraith pictiúr: 80 marc.

An Trian Uachtair: larracht an iarrthóra sa réimse an-mhaith go dtí sármhaith maidir le cuntas a thabhairt ar an tsraith pictiúr agus máistreacht a léiriú ar cheisteanna a chur agus a fhreagairt agus tuairimí a chur in iúl – marc cuí idir 56 agus 80.

An Trian Láir: larracht an iarrthóra sa réimse measartha go dtí maith maidir le cuntas a thabhairt ar an tsraith pictiúr agus máistreacht a léiriú ar cheisteanna a chur agus a fhreagairt agus tuairimí a chur in iúl – marc cuí idir 32 agus 55.

An Trian Íochtair: larracht an iarrthóra sa réimse an-lag go dtí lag, agus an cuntas gairid, lag, gan a bheith forbartha, briseadh sa chumarsáid, cumas teoranta – marc cuí idir 0 agus 31.

Tábla 3		
Grád	Aicme	Marc
A	Sármhaith	68-80
B	An-mhaith	56-67
C	Maith	44-55
D	Measartha	32-43
E	Lag	20-31
F	An-lag	0-19

(d) Comhrá Ginearálta

75 marc ar Stór Gaeilge; 45 marc ar Chumas teanga. Marcáil mar atá faoi láthair: 6 aicme sa dá chatagóir: A – sármhaith; B – an-mhaith; C – maith; D – measartha; E – lag; F – an-lag.

Tábla 3			
Grád	Aicme	Stór Gaeilge	Cumas
A	Sármhaith	64-75	39-45
B	An-mhaith	53-63	32-38
C	Maith	42-52	25-31
D	Measartha	30-41	18-24
E	Lag	19-29	12-17
F	An-lag	0-18	0-11

Aguisín 5: Measúnú Teanga Labhartha: (MAITRÍS SOLOM)

Ainm an Scoláire:			Grád:		Dáta:
Scileanna teanga:			Riartha ag (siniú):		
	1	2	3	4	5
A. Tuiscint	Ní féidir a rá go dtuigtear comhrá simplí fiú.	Tá sé an-deacair aige/aici a bhfuil á rá a leanúint. Ní thuigeann sé/sí ach caint shóisialta a labhraítear go mall agus a ndéantar í a athrá go minic.	Tuigeann sé/sí formhór a bhfuil á rá nuair a deirtear é níos moille ná an gnáthluas nádúrtha cainte agus le roinnt athrá.	Tuigeann sé/sí beagnach gach rud ag an ngnáthluas nádúrtha cainte, cé go bhféadfadh beagán athrá a bheith riachtanach ó am go chéile.	Tuigeann sé/sí gnáthchomhrá laethúil agus gnáthphlé sa seomra ranga.
B. Líofacht	An chaint chomh stadach briste sin go bhfuil sé beagnach dodhéanta comhrá a dhéanamh.	Bíonn sé/sí stadach de ghnáth, tostach go minic mar gheall ar theorainneacha teanga.	An chaint do ghnáthchomhrá laethúil agus plé sa seomra ranga a bheith briste stadach go minic fad is a bhíonn an scoláire ag iarraidh an fhocláocht cheart a aimsiú chun é/í féin a chur in iúl.	An chaint líofa go ginearálta do ghnáthchomhrá laethúil agus plé sa seomra ranga ach bearnaí beaga anois is arís fad is a bhíonn an dalta ag iarraidh an fhocláocht cheart a aimsiú chun é/í féin a chur in iúl.	An chaint do ghnáthchomhrá laethúil agus do phlé sa seomra ranga a bheith líofa saoráideach ar aon dul le cainteoir dúchasach.
C. Foclóir	An foclóir chomh teoranta sin go bhfuil sé nach mór dodhéanta comhrá a dhéanamh.	Úsáid mhí-chruinn á baint as focail agus an foclóir féin an-teoranta. An-deacair tuiscint a bhaint as an gcaint.	Úsáideann an scoláire focail mhíchearta go minic; an comhrá teoranta go maith toisc an foclóir a bheith teoranta.	Úsáideann an scoláire téarmaí nach bhfuil in oiriúint don topaic anois is arís agus/nó bíonn air/uirthi bealaí eile a lorg chun smaointe a léiriú mar gheall ar fhoclóir easnamhach.	Saibhreas foclóra agus nathanna cainte ar aon dul le cainteoir dúchasach.
D. Foghraíocht	Deacrachtaí foghraíochta chomh holc sin go bhfuil an chaint dothuigthe ar fad beagnach.	An-deacair an scoláire a thuiscint mar gheall ar dheacrachtaí foghraíochta. Is gá don scoláire rudaí a athrá go minic chun go dtuigfí é/í.	Mar gheall ar dheacrachtaí foghraíochta, bíonn ar an éisteoir éisteacht go cúramach le caint an scoláire agus uaireanta tarlaíonn míthuiscint dá bharr sin.	I gcónaí sothuigthe cé go n-aithníonn an t-éisteoir canúint faoi leith agus anois is arís patrúin neamhoiriúnacha maidir le tuin agus rithim na cainte.	Foghraíocht agus rithim na cainte ar chomhchéim beagnach le cainteoir dúchasach.

E. Gramadach	An ghramadach agus ord na bhfocal chomh míchruinn sin go bhfuil an chaint dothuigthe ar fad beagnach.	Fágann míchruinneas sa ghramadach agus in ord na bhfocal go mbíonn sé deacair a bhfuil á rá a thuiscint. Bíonn ar an scoláire rudaí a athrá go minic agus/nó cloí le patrúin shimplí bhunúsacha.	Déanann an scoláire botúin rialta maidir le cúrsaí gramadaí agus ord na bhfocal rud a fhágann an bhrí doiléir anois is arís.	Déanann an scoláire botún anois is arís maidir le cúrsaí gramadaí agus ord na bhfocal nach gcuireann isteach ar bhrí na cainte.	Cruinneas sa ghramadach agus in ord na bhfocal ar chomhchéim le cainteoir dúchasach.
---------------------	---	--	--	---	--

Aguisín 6: Tras-scríbhinní de Bhéaltrialacha Scoláirí agus Cuntais Mhínithe ag gabháil leo.

2011 Sampla 1: Catagóir - An-mhaith

Comhrá 2011

Scrúdaitheoir: Anois bhí go léir agam roimhe seo tusa an chéada tháinig isteach. Anois an bhfuil tú i do chónaí in aice láimhe nó cén áit a bhfuil tú i do chónaí?

Dalta: Tá mé i mo chónaí taobh taobh amuigh den.....

Scrúdaitheoir: Ó sea

Dalta: Áit iontach álainn atá ann. Tá áthas mór orm go bhfuil mé i mo chónaí ansin . D'fhás ... suas ansin

Scrúdaitheoir: Ó sea:

Dalta: Tá mise i mo chónaí ansin le mo theaghlach, tá teaghlach mór agam.

Scrúdaitheoir: Cé mhéad atá sa teaghlach?

Dalta: Tá ceathrar sa teaghlach agus m'athair is mo mháthair Tá dhá dheartháir níos sine agus níos óige.

Scrúdaitheoir: Agus an bhfuil sibh go léir ag dul ar scoil?

Dalta: Sea, Níl, mise agus an t-aon bheirt atá ag dul ar scoil anseo. Tá an eile ina chónaí iSin é an is sine .

Scrúdaitheoir: Ó an bhfuil?

Dalta: Tá sé ag obair faoi chlár.....an t-ainm atá air. Jab maith atá aige ansin ach tá ina chónaí san bhog sé sall ann thart ó shin. Tá sé ina chónaí i agus fuair sé jab mór thart fá sé mhí ó shin just nuair a bhog sé thall ansin.

Scrúdaitheoir: Bhí an t-ádh leis:

Dalta: Sea sea, bhí an t-ádh leis iontach maith. Níl fhios agam anois cén t-ainm atá ar an gcomhlacht..... comhlacht maith sílim.

Scrúdaitheoir: Agus cén sórt oibre é?

Dalta: Níl fhios agam really, just tá sé ag obair in Ní raibh mé ag caint leis, faoi, mórán just rud beag. Dúirt sé go bhfuil an aimsir thall ansin iontach maith, tá caitheamh aimsirí maith thall ansin fosta.

Scrúdaitheoir: An dtiocfaidh sé ar ais an dóigh leat?

Dalta: Níl fhios agam, dúirt sé níl sé ag iarraidh teacht ar ais. Dá mbeadh seans agamsa rachainn sall ansin i mbliana.

Scrúdaitheoir: An rachfá?

Dalta: Sea rachainn.

Scrúdaitheoir: Sea, ach, a gus an bhfuil tú ag iarraidh dul ann tar éis na hArdteiste nó ar mhaith leat dul?

Dalta: Níl mar tá mé ag dul go dtí an Ollscoil i ndiaidh na hArdteiste ach sa samhradh beidh mé ag dul sall go dtí ag iarraidh obair, tá liom ag obair thall ansin, is,, an bhfuil fhios agat tá thall ansin aige.

Scrúdaitheoir: Ó an bhfuil?

Dalta: Bhí post aige mise ach just go bhfuil mé ag iarraidh áit le fanacht ach tá sé iontach deacair, tá sé daor ach post maith atá ann thart fá sé chéad punt.

Scrúdaitheoir: Ah tá an t-ádh dearg leat ansin!

Dalta: Beidh airgead mór déanta agam má fhaighim lóistín don samhradh. Beidh an t-airgead sin úsáideach don Choláiste.

Scrúdaitheoir: Agus cad ba mhaith leat a dhéanamh sa Choláiste?

Dalta: Bhuel, tá suim mhór agam san mar tá mé go maith ag an sa scoil seo agus má tá tú go maith ag an beidh tú ábalta dul isteach agus post iontach maith a fháil.

Scrúdaitheoir: Ach níl postanna in Éirinn, níl go leor postanna in Éirinn?

Dalta: Ah níl níl, níl in Éirinn but muna mbíonn post agam in Éirinn rachainn go dtí an Astráil nó Meiriceá nó Londain nó áit éicint mar sin agus bíonn post maith thall ansin.

Scrúdaitheoir: Má amharcann tú thall ansin ?

Dalta: Sea sea má amharcann tú . Tá mé ag iarraidh múinteoireacht a dhéanamh fosta fá choinne seo b'fhéidir mar tá Gaelaig mhaith agam b'fhéidir múinteoireacht sa scoil seo. Tá na pointí iontach ard fá choinne múinteoireachta, thart fá cúig chéad pointe.

Scrúdaitheoir: Cén áit a rachfá chun an cúrsa

Dalta: Gaillimh rachainn síos go dtí Gaillimh síos go dtí NUI. Níl fhios agam cén ceann atáim ag iarraidh a dhéanamh.

Scrúdaitheoir: Cé mhéad bliain a bheidh tú ansin?

Dalta: Fá choinne tá sé thart fá bliana ach fá choinne múinteoireachta níl sé ach thart fá trí nó ceathair bliana. Tá an t-am ag éirí gairid anois fá choinne decisions a dhéanamh.

Scrúdaitheoir: Ceart go leor. Is maith leat an scoil seo!

Dalta: Is maith liom an timpeallacht thart fán scoil. Is maith liom duine atá sa scoil. Just is maith liom a bheith sa mbaile.

Scrúdaitheoir: An mbeidh uaigneas ort ag fágáil na scoile?

Dalta: Beidh, Beidh, Beidh uaigneas mór orm ag fágáil na scoile seo ach beidh mé ag dul go dtí áit úr, daoine úra a fheiceáil agus áiseanna úra, níl fhios agam, níl mórán áiseanna thart anseo fá Beidh an Coláiste áis níos mó.

Scrúdaitheoir: An raibh tú riamh i nGaillimh?

